Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009

Córas Iompair Éireann

# AG TIOMÁINT NA hÉIFEACHTÚLACHTA



PRN.A10/0296

# AN CLÁR

3 Ráiteas an Chathaoirligh 2009
8 Athbhreithniú na nOibríochtaí
18 Struchtúr an Ghrúpa
19 Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa
21 Ráiteas Rialachais Chorparáidigh
24 Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird
25 Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig an Aire Iompair
27 Príomhpholasaithe Cuntasaíochta
30 Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite
31 Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána
32 Clár Comhardaithe Comhdhlúite
33 Clár Comhardaithe na Cuideachta
34 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite
35 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Ba mhaith le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don mhaoiniú ar mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar aon le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** firstimpression

transport21 progress in motion

NDP Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 Athrú Mór ar Éirinn



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2009

## Deich mbliana claochlaithe

In ainneoin na ndeacrachtaí a thugann an eagraíocht aghaidh orthu sa timpeallacht gheilleagrach náisiúnta i láthair na huaire, is fiú aird a thabhairt ar na forbairtí i nGrúpa CIÉ i ndiaidh deich mbliana claochlaitheach don iompar poiblí in Éirinn.

Ar fud seirbhísí bus agus iarnróid an Ghrúpa, rinneadh feabhsuithe seirbhíse agus flít a sheachadadh ar bhonn leanúnach. Tá cúnamh suntasach faighte againn sa phróiseas seo le maoiniú reatha agus caipitil ón Státchiste. Léirigh sé athrú fócais ónár lucht déanta beartais: ón tuairim díchreidiúnaithe gur cur amú nó cailliúint airgeadais atá i gceist le tacaíocht an Státchiste do sheirbhísí iompair phoiblí, chuig an gcur chuige forásach atá coitianta i measc na gcóras iompair phoiblí móra san Eoraip, go bhfuil maoiniú an iompair phoiblí mar ghné ríthábhachtach i gcoinneáil ár ngeilleagair agus ár sochaí.

In **Iarnród Éireann**, i go leor slite, tá an t-iarnród do-aitheanta ó thús na deich mbliana, le maoirsiú déanta ag ár bhfoireann bhainistíochta ar chlár infheistíochta suntasach, feabhsuithe in éifeachtúlacht agus táirgiúlacht, agus ar bhonn ríthábhachtach, leathnú seirbhíse chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu.

Mar chuid dár gclár infheistíochta bonneagair cuimsíodh athnuachan an bhonneagair eisigh a bhí ríthábhachtach ar bhonn sábháilteachta, agus forbairt bhonneagair nua, agus é á chomhlánú ag clár taifid d'infheistíocht flít agus feabhsuithe stáisiúin.



Tá an clár infheistíochta seo, ag iomlánú os cionn €2.7 billiún, seachadta ag ár bhfoirne tionscadail €40 milliún faoi bhuiséad, agus tá Iarnród Éireann mar an gníomhaí is láidre ar bhonn comhsheasmhach i dtéarmaí seachadta buiséid i measc mór-fhaighteoirí maoinithe an Státchiste. Aithníonn infheistíocht a ndearnadh iniúchadh uirthi faoi Thionscadal Athbhreithnithe Beartais agus Luach-ar-Airgid an Rialtais gur comhlíonadh cuspóirí an chláir, agus gur seachadadh spriocanna sábháilteachta agus luach-ar-airgid.

Sa bhreis air sin, baineadh amach méaduithe turais phaisinéara ag an am céanna le laghduithe foirne, le paisinéirí in aghaidh an bhaill foirne ag méadú faoi 55% sa tréimhse ó 2002 go 2008.

Ón mbliain 2000 i leith, leathnaigh **Bus Éireann** a ghréasán seirbhísí i gcomhar le héileamh custaiméara, líon paisinéara méadaitheach agus bhí sé brabúsach. I gcaitheamh an ama sin, bhí an dara fás is mó san Eoraip ag Bus Éireann i dturais déanta agus méadaíodh líon na bpaisinéirí faoi os cionn 15%. Trí mheán an PFN, Iompar 21 agus a cuid acmhainní féin, bhí infheistíocht suntasach i bhflít na cuideachta le nach mór 300 feithicil inrochtana curtha leis, le leathnú na seirbhísí eiseacha agus breisiú bealaí nua ag eascairt mar thoradh.

D'áitigh tuarascálacha na gcomhairleoirí seachtracha ag an am sin go raibh Bus Éireann ag feidhmiú go héifeachtúil i gcomparáid lena comhghleacaithe Eorpacha agus go raibh seirbhís luach ar airgid á sholáthar ar fud na tíre. Chomh maith leis sin thaispeáin suirbhéanna neamhspleácha seachtracha ardleibhéal shástachta custaiméirí le Bus Éireann ag iompar os cionn 90 milliún turas paisinéara in aghaidh na bliana.

Le deich mbliana anuas tá réimse leathan nuálaíochtaí tugtha isteach ag **Bus Átha Cliath** chun a sheasamh a chothú mar an soláthraí iompair phoiblí is mó i mBaile Átha Cliath agus ag an am céanna ag freastal ar riachtanais athraitheacha de chuid úsáideoirí an iompair phoiblí. Tá Bus Átha Cliath tar éis seirbhísí bus nua a thabhairt isteach, bealaí nua a fhorbairt agus é féin a thiomnú chun déileáil le brú tráchta. Tá clár comhaontaithe um bearta tosaíochta bus i bhfeidhm anois idir Bus Átha Cliath, Oifig an Ghréasáin Bus Cáilíochta (QBN) agus Údaráis Áitiúla chun luasanna na mbus a fheabhsú ar na príomhbhealaí ar fad.

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2009 (AR LEANÚINT)

Tacaíonn na beartais seo leis na conclúidí a rinne an tAthbhreithniú Costais agus Éifeachtúlachta ar Bhus Átha Cliath de chuid Deloitte, a d'áitigh go bhfuil Bus Átha Cliath chomh héifeachtúil céanna go ginearálta le heagraíochtaí inchomparáide i gcathracha atá ar chomh mhéid. Déanfar uasmhéadú as na buntáistí as seo anois trí chlár Gréasán Díreach [Network Direct] na cuideachta, a dhéanfaidh seirbhísí níos iontaofa, níos gasta, agus níos dírí a sheachadadh.

Tá an chuideachta tar éis a chinntiú go bhfreastalaíonn sí ar an bpobal ar fad trína chinntiú ón mbliain 2000 i leith go mbeadh urlár íseal inrochtana do chathaoir rotha ag na busanna nua ar fad, i láthair na huaire is busanna urlár íseal inrochtana do chathaoir rotha 88% den flít agus táthar ag feidhmiú de réir sprice chun a bheith go hiomlán inrochtana faoin mbliain 2012. I measc tionscnamh seirbhíse áiríodh freisin forbairt teicneolaíocht an chárta cliste ar fud an fhlít, tabhairt isteach Eolas Fíorama Paisinéara, agus bearta chun astuithe a laghdú ar sheirbhísí uile.

## Ag tabhairt aghaidh ar an gcúlú

Faoi mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite bhí drochéifeacht ag an gcúlú eacnamaíochta ar éileamh ar sheirbhísí uile CIÉ. Ar an drochuair chuaigh an cúlú in olcas in 2009 agus leathnaigh sé ionas go rinne sé dochar do réimsí uile an gheilleagair ghinearálta. Thit fíor-OTN faoi 2.8% in 2008 ach tháinig luathú ar an laghdú sin sa bhliain 2009 agus tá laghdú 11.3% ar aschur an gheilleagair le feiceáil anois.

Le gníomhaíocht gheilleagrach ag meathlú, tá laghdú tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí iompair phoiblí de bharr go bhfuil fíorphánna gearrtha, dífhostaíocht méadaithe agus caiteachas tomhaltóirí maolaithe. Le hairgeadais an Rialtais faoi bhrú, tá an fóirdheontas do CIÉ laghdaithe chomh maith. Mar thoradh ar sin bhí ar CIÉ feidhmiú faoi dhálaí airgeadais níos déine in 2009.


Le linn na bliana 2009 lean CIÉ le próiseas inar uasmhéadaíodh éifeachtacht oibriúcháin fad is a rinneadh iarracht leibhéal na seirbhísí a chothabháil. Rinneadh tástáil struis ar na bealaí uile sa ghnó d'fhonn cothromaíocht idir riachtanais an chustaiméara agus spriocanna fóirdheontais a chinntiú.

Tugadh isteach éifeachtacht *inter alia* trí shosadh pá, níos lú ragoibre, calcadh earcaíochta, leanúint leis an scéim téarfa deonach, laghduithe foirne, agus laghduithe ar chostais ábhar.

## Torthaí Oibriúcháin an Ghrúpa

Is ionann toradh oibriúcháin an Ghrúpa CIÉ don bhliain 2009 roimh mhíreanna eisceachtúla agus easnamh €36.9 milliún. Ba í príomhghné na bliana ná laghdú beagnach 11% ar leibhéil na bliana 2008 ar líon na bpaisinéirí, a bhain go díreach leis an timpeallacht gheilleagrach ghinearálta.

**Turais Phaisinéirí Ghrúpa CIÉ 2004-2009**




Chuir an deireadh leis an lacáiste breosla, an costas méadaithe ar bhreosla agus dleacht máil níos airde le heasnamh na bliana 2009. Tabhaíodh costais eisceachtúla de €40.8 milliún i rith na bliana, ar an mórchóir trí chostais téarfa deonacha. Tar éis míreanna eisceachtúla a áireamh, is ionann glantoradh Ghrúpa CIÉ agus easnamh €77.7 milliún.

Bhí easnamh oibriúcháin €4.0 milliún ag Iarnród Éireann. Tháinig laghdú 5.9 milliún ar thurais phaisinéirí ó 44.7 milliún in 2008 go 38.8 milliún in 2009, laghdú 13% ar líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana.

Bhí easnamh €7.0 milliún ag Bus Átha Cliath. B'ionann 128.3 milliún líon iomlán na dturas paisinéir in 2009 i gcomparáid le 143.5 milliún in 2008, laghdú 15.2 milliún (10.6%).

Bhí easnamh €4.3 milliún ag Bus Éireann. Bhí laghdú 11% don bhliain ar líon paisinéirí Bhus Éireann sna raonta seirbhísí cathrach, áitiúla agus luasbhealaigh.

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2009 (AR LEANÚINT)

## An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí

Rinneadh dlí den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí i mí na Nollag 2009. Is é príomh-chuspóir an Achta seo ná an córas ceadúnaithe bus náisiúnta a athrú go hiomlán agus an córas reatha atá i bhfeidhm ón mbliain 1932 a ionadú. Beidh na hoibrithe bus uile ceadúnaithe seirbhísí a fheidhmiú faoi na rialacha céanna don chéad uair. Aistríodh an fhreagracht as riarachán agus eisiúint ceadúnas bus ón Roinn Iompair chuig Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath (DTA) a mbeidh sainchúram náisiúnta anois aige. D'fhonn an sainchúram leathnaithe seo a léiriú, athainmníodh an DTA mar an tÚdarás Iompair Naisiúnta (NTA).

Tá maoiniú seirbhísí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) á rialú anois ag Conarthaí Seirbhíse Poiblí idir an NTA agus gach ceann d'fhochuideachtaí CIÉ, Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann. Mairfidh na conarthaí reatha, a aontaíodh i mí na Nollag, 2009,ar feadh cúig bliana i gcás seirbhísí bus agus ar feadh deich mbliana i gcás seirbhísí iarnróid.

## Iarnród Éireann

Laghdaigh Iarnród Éireann an fhoireann faoi 346 i rith na bliana trí chlár téarfa deonach agus éifeachtúlachtaí, agus baineadh coigiltis bhreise amach i mbreosla agus i bhfuinneamh. Laghdaigh traenacha díosail ar bhealaí IdirChathracha agus comaitéireachta a gcuid breosla faoi 6% le cabhair sceidil níos éifeachtúla agus múchadh innill traenach uathoibríoch.

Cé gur thit líon na bpaisinéirí faoi 13% in 2009 caithfear é a chur i gcomhthéacs de mhéadú ó 34.5 milliún in 2002 go 44.7 milliún in 2008. Bhí tionchar ag titim Tarbhealach Mhullach Íde ar thurais phaisinéirí chomh maith.

In ainneoin an chor chun donais gheilleagraigh agus ioncaim laghdaithe choimeád Iarnród Éireann an raon iomlán seirbhísí agus cuireadh úsáid an-éifeachtúil de rothstoc agus d'acmhainní i bhfeidhm le cabhair ó roinnt athruithe tráthchláir i mí na Nollag.

Rinneadh íocaíochtaí téarfa deonacha de €28.0 milliún in 2009 chun luathscor a éascú.

### Tarbhealach Mhullach Íde

Bhí titim ceann de chéanna tarbhealaigh Mhullach Íde ar an 21ú Lúnasa, 2009, ar cheann de na timpistí is tromchúisí ar an ngréasán le mórán blianta. Ba sciúradh taoide den chabhsa tacaíochta ba chúis leis an titim agus cuireadh torthaí an imscrúdaithe inmheánaigh ar fáil don Aonad Imscrúdaithe Timpistí Iarnróid (RAIU) a fhoilseoidh a thuarascáil sa bhliain 2010.

Cuireadh na hoibreacha deisiúcháin i gcrích go sábháilte agus go luath agus bhí traenacha ag taisteal thar an tarbhealach arís faoin 16ú Samhain, 2009. Bhí deimhniú sábháilteachta "fíor-ama" an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid (RSC) ríthábhachtach don athchóiriú tapa.

Chruthaigh an timpiste dúshlán ollmhór do chustaiméirí agus don chuideachta le linn tréimse na seirbhíse briste. Chuir an fhoireann bhainistíochta in Iarnród Éireann in éineacht le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ionadú bus malartach éifeachtúil i bhfeidhm chun freastal ar na paisinéirí iarnróid ar cuireadh isteach orthu. Tá an chuideachta fíor-bhuíoch as foighne, tuiscint agus comhoibriú na gcustaiméirí le linn na seirbhíse briste. D'eagraigh rannán lastais Iarnróid Éireann seirbhís bhóthair athsholáthair chomh maith chun mian a iompar ó Mhianaigh na Teamhrach go Calafort Bhaile Átha Cliath i gcaitheamh na tréimhse seo.

### Cost-Éifeachtúlacht in Iarnród Éireann

Rinneadh coigiltis chostais de €30.3 milliún i rith na bliana 2009 ar phárolla, breosla, ábhair, seirbhísí agus oibríochtaí fad is a coimeádadh an leibhéal iomlán seirbhísí traenach chomh maith.

Córas Iompair Éireann

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2009 (AR LEANÚINT)

### Lastas
Socraíodh conradh tráchta lastais traenach nua ó phointe go pointe idir Bhaile an Átha agus Calafort Bhaile Átha Cliath i rith na bliana. Tuillfear ioncam breise de €0.7m in aghaidh na bliana agus cabhraíonn an sreabhadh nua seo chun inmharthanacht airgeadais an ghnó lastais a fheabhsú do Iarnród Éireann.

### Europort Ros Láir
Bhí bliain bhrabúsach eile ag Europort Ros Láir cé gur fhulaing an gnó de bharr an choir chun donais sa gheilleagar i gcoitinne agus bhí laghdú ar líon na bhfeithiclí ó leibhéil na bliana 2008.



### Poncúlacht Traenach Paisinéirí 2009
Léirigh torthaí na bliana iomláine le haghaidh poncúlachta traenach paisinéirí feabhas suntasach go príomha mar thoradh ar na ráilchairr IdirChathracha (ICRanna) nua a thabhairt isteach go iomlán. Cé gur chuir dálaí drochaimsire isteach ar thorthaí míosúla aonair na dtréimhsí déanacha sa bhliain, agus gur chuir srianta luais sealadacha isteach ar Idirchathrach, léiríonn torthaí iomlána na bliana dar críoch an 31ú Nollaig 2009 cur i gcrích sprice ar fhormhór na mbealaí.

## Bus Átha Cliath

Cosúil leis an gcuid eile den Ghrúpa, chuir an cor chun donais geilleagrach isteach ar Bhus Átha Cliath chomh maith agus bhí laghdú suntasach ar líon na bpaisinéirí mar thoradh air sin, laghdú a d'fhéadfaí a chur i leith an mhéadaithe ghéar ar líon na ndaoine dífhostaithe, agus laghdú ar ghníomhaíocht fóillíochta.

Chuir Bus Átha Cliath ollphlean laghdaithe costais i bhfeidhm lena n-áirítear ciorrú agus cuíchóiriú seirbhísí chun gníomhú in aghaidh an choir chun donais sa gheilleagar. Cuireadh clár éifeachtúlachta breosla i bhfeidhm chomh maith. Rinneadh trialacha ag baint úsáide as feithiclí leictreacha hibrideacha d'fhonn éifeachtacht bhreosla a mhéadú agus astuithe carbóin a laghdú.

### Geata Bus
Ó tugadh isteach "Geata Bus" nua Fhaiche an Choláiste i mí Iúil, bhí dea-éifeacht ollmhór aige ar sheirbhísí bus, agus tá laghdú suntasach tagtha ar an méid ama a thógann sé taisteal ó Shráid Uí Chonaill go Sráid an Dáma.

Tá méid suntasach sonraí ar bhuntáistí na tosaíochta tugtha ag Bus Átha Cliath do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá sé léirithe ag an gcuideachta gur laghdaíodh amanna taistil trí lár chathair Bhaile Átha Cliath faoi leath ón uair a cuireadh tús leis an ngeata bus agus tá na mílte custaiméirí ag baint buntáiste as an "Geata Bus" gach lá

### Mórlánaí Bus
Léirigh an suirbhé is déanaí a rinne Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath go raibh na hamanna aistir bus ag buaic-am na maidine níos fearr ná na hamanna aistir le haghaidh carranna ar 12 as na 16 bealaí a ndearnadh monatóireachta orthu. Léirigh an suirbhé chomh maith gur mhéadaigh líon na gcustaiméirí faoi 45% ó cuireadh tús leis na Mórlánaí Bus.

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2009 (AR LEANÚINT)

## Bus Éireann

Foilsíodh Athbhreithniú Costais agus Éifeachtúlachta de chuid Deloitte, curtha i gcrích don Roinn Iompair, sa bhliain 2009 agus fuarthas go bhfuil gréasán comhtháite Bhus Éireann chomh éifeachtúil le comhpháirtithe Eorpacha; go raibh méadú faoi 15% tagtha ar líon na bpaisinéirí ó 2001 go 2007 agus go bhfuil maoiniú PSO, mar chéatadán d'ioncam iomlán, íseal i gcomparáid le comhpháirtithe Eorpacha.

Fuair Deloitte chomh maith go bhfuil costais riaracháin agus chúloifige ar aon dul le pointí cóimheasa agus go bhfuil sceidealú seirbhísí agus dualgais tiománaithe éifeachtach.

## Maoin Ghrúpa

Bhain Roinn Mhaoine an Ghrúpa amach díolacháin maoine neamhoibríochtúla a tháirg €0.9 milliún agus glanioncam cíosa de €10.1 milliún in 2009.

Tá Maoin Ghrúpa ag obair faoi láthair ar mhórthionscadail i mBaile Átha Cliath (Duga Spencer, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid na Bearú, Sráid na Teamhrach agus Sráid na Mainistreach) agus i bhFhaiche Mhór na Gaillimhe chomh maith le seirbhísí gairmiúla a sholáthar do thionscadail bhonneagair éagsúla de chuid Iarnród Éireann.

## CIE Tours International

Lean CIE Tours International ag giniúint brabúis sa bhliain 2009, in ainneoin na gcoinníollacha trádála fíor-dheacra sa tionscal turasóireachta ar fud an domhain. I rith na bliana chuir an chuideachta saoirí turasóireachta cóiste ar fáil do 32,500 paisinéir, laghdú 22% ar leibhéil na bliana 2008. B'ionann na hioncaim iomlána agus €32.4 milliún.

Ba é an príomh-dheacracht a thug aghaidh ar an gcuideachta i rith na bliana 2009 ná an meath tapa a tháinig ar mhuinín tomhaltóirí i margadh na Stát Aontaithe, chomh maith le dollar lag. D'éirigh leis an gcuideachta forchostais a laghdú go leordhóthanach áfach, chun fanacht brabúsach.

## Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Tá an rannán seo freagrach as ucht an ghnó fógraíochta allamuigh de chuid CIÉ a bhainistiú, lena n-áirítear suíomhanna fógraíochta bus agus iarnróid. Ba dheacair an bhliain a bhí ag an rannán in 2009 toisc go raibh srian leis an gcaiteachas fógraíochta.

## Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, an tUas. Noel Dempsey T.D. as ucht a chuid tacaíochta i rith na bliana, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hoifigigh na Roinne Iompair as ucht a gcuid cabhrach chomh maith.

Táim buíoch don Rialtas chomh maith, agus don Taoiseach agus don Aire Airgeadais ach go háirithe, as ucht na mór-thionscadail infheistíochta atá faoi bhun faoi láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus as ucht an tiomantas a tugadh faoi Phlean Iompar 21 a fógraíodh i mí na Samhna 2005, atá, agus a bheidh, ríthábhachtach maidir le feabhsú an iompair phoiblí in Éirinn.

Tá an Bord fíor bhuíoch chomh maith as ucht an cómhaoiniú de chuid Ciste Struchtúrtha an AE a fuarthas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh, na comhaltaí foirne, de chuid cuideachtaí Ghrúpa CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana.

D'éirigh an tUas. Paul Cullen agus Mary Johnston Uasal as a bpoist ar an mBord ar an 30ú Samhain, 2009 tar éis dóibh beagnach 13 bliana agus 4 bliana faoi seach a chur isteach ar an mBord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a ranníocaíocht do CIÉ le linn a dtionachta mar chomhaltaí Boird. Bhí sé go hiontach an tUas. Bill McCamley agus an tUas. John Moloney a fháiltiú ar ais chuig an Bord i ndiaidh toghchán a tionóladh faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Toghadh an tUas. Mick Cullen agus an tUas. Willie McDermott chomh maith a ceapadh chuig an mBord ar an 1ú Nollaig 2009. Ba mhaith liom fáiltiú roimh an tUas. Dermot Killen chomh maith, a ceapadh ar an 19ú Bealtaine, 2009.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird eile ar fad chomh maith le stiúrthóirí fochuideachtaí uile an Bhoird don chabhair agus don tacaíocht leanúnach a thug siad domsa go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun freastal ar na Boird agus ar na coistí agus na grúpaí comhairleacha ríthábhachtacha atá ann laistigh de Ghrúpa CIÉ.

**An Dr. J.J. Lynch**
*Cathaoirleach*


# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ

Léiríonn torthaí oibríochtaí Ghrúpa CIÉ don bhliain 2009 easnamh €75.1 milliún sula gcuirtear coigeartú an FRS 17 – Cuntasaíocht do Shochair Scoir - san áireamh. Tar éis riachtanais an FRS 17 a chur san áireamh, is é €77.7 milliún an t-easnamh i gcomparáid le farasbarr €10.2 milliún in 2008. Léiríonn an tábla seo a leanas torthaí na n-oibríochtaí le haghaidh na bliana 2009.

| | 2009 €M | 2008 €M |
|---|---|---|
| Ioncam | 742.0 | 789.1 |
| Íocaíochtaí Deontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Deontas Sábháilteachta Iarnróid | 316.0 | 321.1 |
| **Ioncam Iomlán** | **1,058.0** | **1,110.2** |
| Costais a bhaineann le párolla | (602.2) | (624.1) |
| Costais oibríochta eile | (492.8) | (521.0) |
| (Costas)/ioncam airgeadais | (0.8) | 1.1 |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | 3.5 | 69.5 |
| **Iomlán na gCostas** | **(1,092.3)** | **(1,074.5)** |
| (Easnamh)/Farasbarr roimh Chostais Eisceachtúla agus coigeartuithe FRS 17 | (34.3) | 35.7 |
| Costais Eisceachtúla | (40.8) | (43.3) |
| Easnamh roimh choigeartuithe costais phinsin FRS 17 | (75.1) | (7.6) |
| Coigeartuithe costais phinsin FRS 17 | (2.6) | 17.8 |
| (Easnamh)/farasbarr oibríochta lena n-áirítear coigeartuithe costais phinsin FRS 17 | **(77.7)** | 10.2 |

An phríomhchúis a bhí le laghdú €47.1 milliún ar ioncam ná laghdú ar líon na bpaisinéirí de bheagnach 11% ar leibhéil na bliana 2008, agus cuirtear i leith na ndálaí geilleagraigh é lena n-áirítear dífhostaíocht, eisimirce mhéadaitheach agus laghdú ar chaiteachas lánroghnach. Ba mhór-thoisc rannpháirteach í chomh maith, i leith torthaí na bliana 2009, caillteanas an lacáiste dleachta máil de €22 milliún in éineacht le laghdú €10 milliún ar fhóirdheontas na bliana 2009 a fógraíodh i mbuiséad Aibreáin.

**Ioncam an Ghrúpa 2003-2009**





Tá réimse bearta coigilte costais curtha i bhfeidhm i ngach ceann de na cuideachtaí d'fhonn an gannchion ioncaim a mhaolú. I measc na mbeart úd tá iarchur an Chomhaontaithe Náisiúnta Pá, cuíchóiriú seirbhíse agus éifeachtúlachtaí a gineadh i mbreosla, in ábhair agus i seirbhísí.

Tabhaíodh míreanna eisceachtúla de €40.8 milliún i rith na bliana, costais téarfa deonacha den chuid is mó.

Léiríonn íocaíochtaí deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) agus na Sábháilteachta Iarnróid de €316.0 milliún laghdú €5.1 milliún ar an mbliain 2008. Ina theannta sin, fuair an Grúpa maoiniú Státchiste de €438.5 milliún le haghaidh caiteachais chaipitil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN). B'ionann infheistíocht an ghrúpa i sócmhainní seasta sa bhliain 2009 agus €454.1 milliún (2008 - €725.7 milliún).

**Infheistíocht an Ghrúpa i Sócmhainní Seasta 2004-2009**



# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

## Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá sain-athbhreithnithe na n-oibríochtaí i leith Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann le fáil i dTuarascáil Bhliantúil ar leith de chuid gach cuideachta.

## Iarnród Éireann

Is é toradh na hoibríochta don bhliain 2009 ná easnamh €4.0 milliún (€0.2 milliún 2008), ach is é an toradh iomlán ná easnamh €32.0 milliún (€19.1 milliún 2008) tar éis míreanna eisceachtúla.

Lean an timpeallacht gheilleagrach ar aghaidh ag dul i léig i gcaitheamh na bliana 2009. Bhí a tionchar le feiceáil i ngach gné de ghnó Iarnróid Éireann. Tháinig laghdú €17 milliún (9%) ó leibhéil na bliana 2008 ar ioncaim phaisinéirí a bhí ag €169.4 milliún don bhliain. Tháinig laghdú ar thurais phaisinéirí sna seirbhísí Comaitéireachta agus IdirChathrach araon le líon níos lú custaiméirí ag déanamh turas lánroghnaigh, agus de bharr tionchar na dífhostaíochta méadaithí. Bhí éifeacht chomh maith ag titim tarbhealach Mhullach Íde i ndeireadh Lúnasa ar thrácht paisinéirí ar an líne Thuaidh. Cuireadh na seirbhísí ar ais i lár mí na Samhna. Cuireadh socruithe aistrithe bus i ngnímh chun an tionchar a bheadh ag dúnadh na líne a mhaolú. Ar an iomlán tháinig laghdú 5.9 milliún ar thurais phaisinéirí ó 44.7 milliún in 2008 go 38.8 milliún in 2009, a léiríonn laghdú 13% ar líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana.

Bhí laghdú €8.1 milliún ó 2008 ar ioncam lastais mar go raibh laghdú suntasach ar líon na dtráchtanna stroighne agus scealla mar thoradh ar an gcor chun donais ginearálta sa gheilleagar.

Ar bhonn níos dearfaí, socraíodh conradh tráchta lastais traenach nua ó phointe go pointe idir Bhaile an Átha agus Calafort Bhaile Átha Cliath i rith na bliana. Tuillfear ioncam breise de €0.7m in aghaidh na bliana agus cabhraíonn an sruth airgid nua seo chun inmharthanacht airgeadais an ghnó lastais a fheabhsú do Iarnród Éireann.

### Europort Ros Láir

Bhí bliain bhrabúsach eile ag Europort Ros Láir cé gur fhulaing an gnó de bharr an cor chun donais ginearálta sa gheilleagar agus bhí laghdú ar líon na bhfeithiclí ó leibhéil na bliana 2008.

### Coigiltis Ginte

Cuireadh sraith chlár laghdaithe costais i bhfeidhm mar fhreagra ar an athrú sna dálaí geilleagracha. Baineadh amach coigiltis chostais de €30.3 milliún ar leibhéil chaiteachais na bliana 2008. Baineadh na coigiltis amach ar phárolla, breosla, ábhair, seirbhisí agus árachais le ranníocaíochtaí ó gach gné de ghnó na cuideachta fad is a coimeádadh an raon iomlán seirbhísí.

Baineadh coigiltis suntasacha amach trí laghduithe ar leibhéil ragoibre agus laghduithe foirne trí théarfa deonach. Laghdaigh Iarnród Éireann líon na Foirne faoi 346 sa bhliain 2009. Laghdaíodh costais fuinnimh an DART faoi €3.7 milliún tar éis conradh leictreachais na cuideachta a ath-idirbheartú agus de bharr teicneolaíochta nua a cheadaíonn do thraenacha feidhmiú le riachtanas fuinnimh níos lú.

### Poncúlacht Traenach Paisinéirí 2009

Léirigh torthaí na bliana iomláine do phoncúlacht traenach paisinéirí feabhas suntasach i gcaitheamh na bliana iomláin go háirithe mar thoradh ar na ráilchairr IdirChathrach (ICRanna) nua a thabhairt isteach go hiomlán. Chuir dálaí drochaimsire isteach ar thorthaí míosúla aonair na dtréimhsí déanacha sa bhliain, agus chuir srianta luais sealadacha isteach ar sheirbhísí IdirChathrach. Léiríonn torthaí iomlána na bliana dar críoch an 31ú Nollaig 2009 cur i gcrích sprice ar fhormhór na mbealaí.

**Seirbhísí IdirChathrach in am nó i ngiorracht 10 nóiméad den sceideal**

| Bealach | % Sprioc | Toradh |
|---|---|---|
| Port Láirge | 90 | 96.3 |
| Ros Láir | 90 | 94.8 |
| An Ghaillimh | 90 | 93.9 |
| Béal Feirste | 90 | 92.1 |
| Trá Lí | 90 | 91.2 |
| Luimneach | 90 | 91 |
| Cathair na Mart | 90 | 90.8 |
| Sligeach | 90 | 89.2 |
| Corcaigh | 90 | 86.9 |

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

**Seirbhísí comaitéara agus DART in am nó i ngiorracht 5 nóiméad den sceideal**

| Bealach | % Sprioc | Toradh |
|---|---|---|
| An Tuaisceart | 90 | 93.9 |
| Má Nuad | 90 | 90.6 |
| Cill Dara | 90 | 89.7 |
| DART | 87 | 89.9 |

In ainneoin ardleibhéal an ghnóthaithe sprice trasna an ghréasáin, bhí an fheidhmíocht is measa ar sheirbhísí IdirChathrach Bhaile Átha Cliath-Chorcaí le meán deireadh na bliana 2009 ag titim 3.1% faoi bhun na sprice.

Tá plean gníomhaíochta ullmhaithe ag Iarnród Éireann chun dul i ngleic go rianúil le srianta luais agus iad a bhaint d'fhonn oibríochtaí príomhlíne poncúla a athbhunú. Tá baint an sriain luais buan 75 míle san uair thar an 25 míle de bhóthar idir an Droichead Nua agus Port Laoise a cuireadh i bhfeidhm i Márta 2009 ríthábhachtach chun an plean seo a chur i gcrích. Tá 19 míle den srian sin bainte go dtí seo.

## Straitéisí Margaíochta

Tá straitéisí margaíochta níos déine á úsáid chun gnó nua a ghiniúint, go háirithe sa réimse táille buiséid ar líne. Rinne custaiméirí coigiltis suntasacha i rith na bliana 2009 ag baint úsáide as táillí gréasáin buiséid ar líne. Bhí táillí €10 i ngach treo á dtairiscint i gcaitheamh na bliana ar raon seirbhísí IdirChathrach. D'fhonn cumarsáid leis an gcustaiméir a fheabhsú thosaigh an chuideachta ag úsáid Twitter le haghaidh foláireamh taistil, nuashonruithe nuachta ginearálta agus táillí speisialta.

## Cárta Cliste Comaitéara/DART

Tá an scéim chárta cliste eatramhach, mar réamhtheachtaí do thicéadú comhtháite, ag dul ar aghaidh go maith. Tá na crua-earraí fisiciúla go léir suiteáilte agus táthar i mbun trialacha beo chun tástáil a dhéanamh ar na bogearraí le líon teoranta sealbhóirí cárta.

Is gné den chóras é córas 'sparán' leictreonach le haghaidh íocaíochta na táille a chuirfear in ionad na gcártaí maighnéadacha a úsáidtear faoi láthair do shealbhóirí ticéid séasúir TaxSaver bliantúla agus míosúla. Beidh Cártaí Cliste ar fáil trí mheaisíní díola ticéid uathoibríocha nó le ceannach ar líne. Déileálfaidh deasc chabhrach leis na hiarratais uile ar líne nó ar an nguthán.

## Oibríochtaí

Tharla leathnú amach leanúnach na ráilcharr IdirChathrach 6-Charr ar bhealaí Bhaile Átha Cliath go Sligeach, Cathair na Mart, Luimneach, an Ghaillimh, Trá Lí agus Port Láirge chomh maith sa bhliain 2009. Feidhmíonn na traenacha den chéad scoth i bhfad níos fearr agus tá siad feistithe le ceann de na hinnill traenach is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de sa domhan.

D'oscail an tAire Iompair, Noel Dempsey TD, an líne comaitéara nua ó Chorcaigh-Mainistir na Corann go hoifigiúil ar an 30ú Iúil. Críochnaíodh obair ar an líne nua, i ndiaidh infheistíochta €75 milliún sa bhonneagar faoi chlár Iompar 21 an Rialtais, cuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Críochnaíodh an chuid de Chonair Iarnróid an Iarthair idir Inis agus Baile Átha an Rí i mí na Samhna lena n-áirítear 4 stáisiún nua a thógáil. Coimisiúnaíodh an chuid den líne idir Luimneach agus Inis i mí na Nollag agus tá oiliúint á chur ar thiománaithe leis an tseirbhís ar intinn a thosú san Earrach 2010.



# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Táthar ag leanúint le leagan rianta, oibreacha stáisiúin agus carrchlóis ar líne nua Dhún Búinne. Tá an tionscadal ar an sprioc ionas go bhféadfaí tús a chur le seirbhísí comaitéara ó stáisiún M3 Bhealach na Páirce tosú i mí Mheán Fómhair 2010, le stáisiúin idirmheánacha i bPáirc Hans agus i nDún Búinne.

### Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC)

Chuaigh Iarnród Éireann i mbun Conartha Seirbhíse Poiblí foirmiúil leis an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA) nua-fhoirmithe ar an 1ú Nollaig, 2009. Cruthaíodh an conradh seo in ionad an Mheabhráin Tuisceana leis an Roinn Iompair roimhe sin.

Leagann an PSC amach leibhéal na seirbhísí le cur i gcrích ag Iarnród Éireann i gcomaoin fóirdheontais. Tá 10% de luach an fhóirdheontais i mbaol mura mbaintear amach na spriocanna uile.

### Tionscadal Bealaigh Chill Dara

Tá iarnród 4-rian an Tionscadail Bhealaigh Chill Dara ag feidhmiú go hiomlán anois. Toisc go bhféadfar an tseirbhís traenach sceidealaithe reatha a fheidhmiú thar dhá rian, tógfar an deis anois na rianta príomhlíne bunaidh a athnuachan idir Gort na Silíní agus Collchoill agus na seirbhísí a fheidhmiú go sealadach ar an dá rian nua tríd an limistéar fad is atáthar i mbun na hoibre sin.



### Tarbhealach Mhullach Íde

Thosaigh traenacha Fiontair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste chomh maith le seirbhísí comaitéara iarnróid na líne Thuaidh ag rith trasna tarbhealaigh Mhullach Íde arís ar an 16ú Samhain i ndiaidh dó a bheith dúnta ar feadh trí mhíosa tar éis do cheann de na céanna titim mar thoradh ar an gcabhsa ar a seasann an tarbhealach a bheith creimthe ag an bhfarraige.

I ndiaidh tástála ar ghluaiseachtaí ar an 13ú Samhain, dheimhnigh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid (RSC) go bhféadfaí feidhmiú ar an líne láithreach bonn.

Tá clár speisialta ar iniúchtaí mionsonraithe struchtúracha agus faoi uisce ar na droichid uile thar uisce ar ghréasán Iarnróid Éireann, a bhfuil so-ghabháltacht sciúradh aitheanta acu, comhlíonta go substaintiúil anois.

### Sábháilteacht agus Slándáil

Rinneadh dul chun cinn suntasach i mórán de na príomh-phleananna gníomhaíochta sábháilteachta i rith na bliana 2009 agus léirigh torthaí deireadh na bliana dul chun cinn á chothabháil sna eochairtháscairí le haghaidh comharthaíochta, crosairí comhréidh, dóiteáin, traenacha á gcur de na ráillí agus imbhuailtí chomh maith le feithiclí bóithre ag tuairteáil in aghaidh droichid.

## Bus Átha Cliath

Ba bhliain an-deacair agus an-dúshlánach í 2009 do Bhus Átha Cliath de bharr an cor chun donais gheilleagraigh a raibh laghdú suntasach ar dhíolacháin mar thoradh air. Ba thosca rannpháirteacha iad méadú ollmhór ar líon na ndaoine dífhostaithe agus laghdú suntasach ar an leibhéal gníomhaíochta fóillíochta don laghdú.

Ba easnamh €7.0 milliún (ba easnamh €12.9 milliún a bhí ann tar éis costas eisceachtúil) a bhí sa toradh oibriúcháin don bhliain in ainneoin forfheidhmiú pleananna laghdaithe costais, lena n-áirítear laghduithe foirne de 6% agus sosadh pá a chur i bhfeidhm. Tháinig laghdú 10.6% ó leibhéil na bliana 2008 ar thurais chustaiméirí agus ba thosca eile a chur leis an easnamh iad laghdú ar an bhfóirdheontas íoctha le haghaidh seirbhísí sóisialta agus méadú ar chostais bhreosla.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Tugadh faoi phlean le haghaidh éifeachtúlacht bhreosla agus astuithe carbóin laghdaithe chomh maith i dtástáil a bhain úsáid as feithiclí leictreacha hibrideacha. Má éiríonn leis an tástáil, d'fhéadfadh sí cabhrú chun an chuideachta a chosaint ó luaineachtaí amach anseo sa mhargadh ola domhanda.

B'ionann líon iomlán na dturas custaiméara agus 128.3 milliún in 2009 i gcomparáid le 143.5 milliún in 2008 agus 147.5 milliún in 2007. Léiríonn sé seo laghdú 15.2 milliún (10.6%) ar 2008 agus 19.2 milliún (13.0%) ar thurais chustaiméirí na bliana 2007.

## Athbhreithniú Gréasáin

Rinneadh athbhreithniú radacach ar ghréasán bealaigh Bhus Átha Cliath ar aon dul le moltaí Tuarascála Deloitte i rith na bliana. Cuireadh grúpa oibre speisialta le saineolas seachtrach ar bun á mhaoirsiú ag Grúpa Comhairleach a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar an tionscadal.

Tá an tAthbhreithniú Gréasáin ar mórán bealaí cosúil le próiseas forbartha an LUAS, lena mbaineann cruthú roghanna deartha thar an gréasán de bhealaí gathacha agus de chuarlánaí agus cruthú straitéise láir na cathrach, a chuimseoidh forbairtí agus ailíniúcháin tras-chathrach tríd na cathrach.

Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí agus áiríodh tuairimí san athbhreithniú. Tionóladh cruinnithe faisnéise le Grúpaí Fócais Custaiméara chomh maith i gcaitheamh na bliana. Leanfaidh cumarsáid ar aghaidh i dteannta le leas polaitiúil agus gnó ar bhonn struchtúrtha.

## Conradh Seirbhíse Poiblí

Síníodh an Conradh Seirbhíse Poiblí leis an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA) go luath i mí na Nollag. Leagann an conradh amach go mionsonraithe an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach agus an cúiteamh atá le híoc ag an NTA le haghaidh soláthar na seirbhísí seo. Faoin gconradh le haghaidh soláthar seirbhísí ar ghréasán Bhus Átha Cliath braithfidh 10% den mhaoiniú ar an gcuideachta ag baint amach na gcritéar feidhmíochta sa chonradh.

## Geata Bus ag Faiche an Choláiste

Ar an 28ú- Iúil 2009, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tús le feidhmiú ar Mhórlána Bus Fhaiche an Choláiste a thógann an trácht ginearálta go léir ó ais ó thuaidh Shráid an Dáma/Sráid Westmoreland agus ais ó dheas Shráid D'Olier/Sráid Grafton íochtair/Sráid an Dáma le linn buaicuaireanta na maidine agus an tráthnóna amháin (07.00 go 10.00 agus 16.00 go 19.00) i rith na seachtaine.

Tá méid suntasach sonraí ar bhuntáistí na tosaíochta tugtha ag Bus Átha Cliath do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Laghdaíodh amanna taistil bus trí lár chathair Bhaile Átha Cliath go suntasach ón uair a cuireadh tús leis an ngeata bus agus tá na mílte custaiméirí ag baint buntáiste as anois.

## Seirbhís Iarnróid Ionadaíoch

Chuir Bus Átha Cliath seirbhísí breise chuig ceantair na Sceirí, an Ros, Lusca agus Domhnach Bat ar iarratas ó Iarnród Éireann fad is a bhí seirbhísí iarnróid curtha ar fionraí de bharr titim Tarbhealach Iarnróid Mhullach Íde. Fuarthas aiseolas sármhaith ó chustaiméirí agus ó ionadaithe poiblí agus cruthaíodh íomhá mhaith de chumas dá chuideachta CIÉ déileáil le géarchéimeanna. Cuireadh seirbhísí iarnróid ar ais i lár mí na Samhna agus atosaíodh gnáthsheirbhísí bus ar bhealaí Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá Bus Átha Cliath i mbun trialach ar bhus leictreach hibrideach d'fhonn éifeachtúlacht bhreosla a mhéadú agus astuithe carbóin a laghdú. Cabhróidh torthaí na trialach leis an gcuideachta an cuspóir atá aici iompar poiblí Bhaile Átha Cliath a chosaint ó cháin charbóin amach anseo chomh maith le luaineachtaí sa mhargadh ola domhanda a bhaint amach.

Córas Iompair Éireann

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

## Plean Cost-Éifeachtúlachta

D'fhonn tabhairt faoi na tosca atá ag déanamh dochair d'fheidhmíocht airgeadais, chuir Bus Átha Cliath ollphlean laghdaithe costais i bhfeidhm i rith na bliana. Tar éis glacadh leis na téarmaí leagtha amach ag an gCúirt Oibreachais, chuir an chuideachta na laghduithe costais pleanáilte go hiomlán i bhfeidhm idir dheireadh mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2009. Roghnaíodh na hathruithe seirbhíse agus é ar intinn an tionchar a bheadh acu ar chustaiméirí a íoslaghdú agus ní bhfuarthas ach freagra íosta ó chustaiméirí.

## Oiliúint na dTiománaithe

Tar éis Deimhniú Inniúlachta Gairmiúil na dtiománaithe (CPC) a thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2008, tá sé de dhualgas ar thiománaithe bus agus cóiste gairmiúla Deimhniú Inniúlachta Gairmiúil a bheith acu agus clár oiliúna leanúnach a dhéanamh. Tá Lárionad Oiliúna Bhus Átha Cliath faofa ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) chun na cláir oiliúna feiliúnacha a chur ar fáil agus chomhlíon 2,714 fostaí de chuid Bus Átha Cliath modúl oiliúna bliain 1 le bliain anuas.

## Ticéadú Comhtháite (ITS)

Feidhmíonn cárta cliste Bhus Átha Cliath go maith i gcónaí agus tá sé ar fáil ar 90% de tháirgí réamhíoctha. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair ar ghné Bhus Átha Cliath den cárta ITS a fhorbairt a choimeádfaidh airgead leictreonach (r-Sparán), a chuireann úsáideoirí ar an gcárta agus nach gcaitheann siad ach amháin nuair a bheidh siad ag taisteal ar aon mhodh iompair rannpháirteach. Is cárta bliantúil é chun taisteal ar bhus agus ar an Luas atá sa chéad cárta ITS a sholáthrófar agus tá sé le tástáil sula bhfad.

## Suíomh Uathoibríoch Feithicle

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair ar an tionscadal seo agus tá Bus Átha Cliath ar an sprioc chun é a bheith curtha i bhfeidhm ar fud an ghréasáin sa bhliain 2010. Nuair a bheidh sé go hiomlán i bhfeidhm, beidh faisnéis phaisinéara fíorama ar fáil trí ghutháin phóca agus an suíomh gréasáin **www.dublinbus.ie**. Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath taispeántaí in airde ag stadanna bus roghnaithe chomh maith.

## Tástáil Bus Hibrideach

D'aontaigh an Státchiste ar mhaoiniú a chur ar fáil chun cuidiú le Bus Átha Cliath tástáil inseirbhíse a dhéanamh ar bhus dhá stór hibrideach le hurlár íseal agus atá oiriúnach do chathaoir rothaí i rith na bliana.

Comhcheanglaíonn feithiclí hibrideacha mótar leictreach le hinneall dócháin inmheánaigh agus tá teicneolaíocht á fhorbairt sa tionscal bus. Cé go bhfuil siad i bhfad níos costasaí ná gnáthfheithiclí faoi láthair, maíonn na déantóirí réimse buntáistí ar mhúnlaí bus traidisiúnta lena n-áirítear:

- Ídiú breosla laghdaithe
- Laghdú ar astuithe truailleáin lena n-áirítear Dé-ocsaíd Charbóin, Hidreacarbóin, Aonocsaíd Charbóin agus Ocsaídí Nítriúla.
- Innill níos lú a dhéanann níos lú torainn
- Coscáin athghiniúnacha, a úsáideann fuinneamh a scaiptear le linn coscánaithe chun cheallra a luchtú.

Déanfar athbhreithniú ar thorthaí oibriúcháin an bhus hibridigh sa bhliain 2010.




Córas Iompair Éireann

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

### Inrochtaineacht

Tá Bus Átha Cliath tiomanta d'fheabhsú inrochtaineachta a chuid seirbhísí agus beidh urlár íseal, atá inrochtana do chathaoir rothaí, sna busanna nua go léir a cheannaítear le haghaidh bealaí na cathrach. Tá urlár íseal atá inrochtana do chathaoir rothaí in 88% den flít faoi láthair, agus an sprioc atá ann ná flít atá inrochtana go hiomlán a bheith i mbun feidhme faoin mbliain 2012. D'fhonn na daoine siúd le laigí céadfach acu a éascú, tá cuaillí inmheánacha i ndathanna codarsnachta, soilsiú inmheánach feabhsaithe, barraí greama feabhsaithe agus brúnna cloigín gníomhachtaithe ag bos na láimhe sna busanna nua go léir atá ceannaithe.

## Bus Éireann

Thabhaigh Bus Éireann easnamh €11.2 milliún tar éis míreanna eisceachtúla de €6.9 milliún don bhliain 2009. Thug an chuideachta aghaidh ar dhúshláin suntasacha i rith na bliana le turais phaisinéirí laghdaithe ó 93.9 milliún in 2008 go 84.6 milliún in 2009. Chuir caillteanas an lacáiste dleachta máil i leith breosla a úsáidtear ar oibríochtaí iompair de bhóthair €10 milliún le bonn costais na cuideachta chomh maith.

Tháinig méadú de thart ar 65% ar leibhéil na bliana 2008 ar chostais bhreosla. Áirithe anseo chomh maith tá caillteanas an lacáiste dleachta máil agus an méadú ar dhleacht mháil a fógraíodh sa bhuiséad in Aibreán 2009. Mar thoradh ar an timpeallacht gheilleagrach d'fhormhéadaigh an chuideachta a chlár laghdaithe costais leanúnach sa bhliain 2009 ag coigilt thart ar €6.0 milliún trí réimse leathan bearta agus gan aon drochéifeacht acu ar sheirbhísí.

I measc na mbeart a tugadh isteach bhí:

- Laghdú ar chostais phárolla mar chuid de chlár gnóthaithe costas na cuideachta.
- Laghduithe costais suntasacha bainte amach trí sheirbhísí iompair scoile a atheagraíodh go cuimsitheach i rith samhradh na bliana 2009.
- Athbhreithniú ar an mbonn costais díoltóra agus ar na réimsí costais eile go léir.
- Coigiltis oibriúcháin lena n-áirítear úsáid meaisíní díola ticéid ar an sráid, feithiclí le toilleadh níos airde a úsáid agus comhthathú leis an gClár Iompair Tuaithe agus le seirbhísí iompair an FSS.

Bhí caiteachas an phaisinéara bóthair faoi bhun leibhéil na bliana 2008 ar an iomlán, gan breosla san áireamh. Baineadh é seo amach ag cothabháil leibhéil seirbhíse na bliana 2009.

### Promóisin

Tá tiochar ag eisiúint leanúnach ceadúnas agus ag feidhmiú seirbhísí gan cheadúnas ar líon na bpaisinéirí atá ag Bus Éireann chomh maith. Chuir dálaí drochaimsire, lena n-áirítear tuilte agus sneachta, i rith míonna na Samhna agus na Nollag le hioncam níos lú don chuideachta chomh maith. Thairg an chuideachta raon promóisin ar phraghsanna iomaíocha chun ioncam a uasmhéadú i gcaitheamh na bliana agus chun éifeacht na timpeallachta geilleagraí a shrianadh lenar áiríodh:

- Táillí speisialta tugtha isteach do bhealaí áitiúla agus náisiúnta chun taisteal a spreagadh, go háirithe ag príomhamanna taistil cosúil le laethanta saoire na scoile agus um Nollaig.

**Éifeachtúlacht Oibríochta i mBus Éireann**

Tá atheagrú cuimsitheach d'iompar scoile tar éis líon na gconraitheoirí a laghdú mar thoradh ar thurais dúbailte, pleanáil gréasáin agus cónascadh bealaí chun feithiclí a shábháil.

Córas Iompair Éireann

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

- Táillí promóisin ar bhealaí nach bhfuil ag feidhmiú go maith.
- Cuireadh tús le réimse tionscnamh margaíochta chun ioncam a uasmhéadú i dtimpeallacht deacair. Díríodh ar shainghrúpaí cosúil le mic léinn le feachtais spriocdhírithe.
- Spreagadh ceannachán ar líne breise agus idirghníomhaíocht le spriocphaisinéirí lárnacha trí athchóiriú a dhéanamh ar shuíomh gréasáin na cuideachta **www.buseireann.ie** ar a tugadh níos mó ná 240,000 cuairt in aghaidh na míosa in 2009, agus próifíl a bhunú ar Facebook agus Twitter.

## Feabhsuithe Seirbhíse

Faoi Iompar 21 agus le tacaíocht leanúnach an Aire Iompair agus a roinn, rinneadh roinnt feabhsuithe le seirbhísí eiseacha i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Cóistí dhá stór a thabhairt isteach ar príomhbhealaí comaitéireachta in oirthear na tíre ag méadú an toilleadh ar na bealaí sin faoi suas le 50%, rud a d'fhuascail an gá le feithiclí breise a úsáid chun rólódáil a chlúdach ag buaic-amanna.
- Roinnt bealaí a athchóiriú chun úsáid níos fearr a bhain as na hacmhainní atá ann agus líon na seirbhísí atá ag feidhmiú a leathnú go príomh-shuímh cosúil le hAerfort Bhaile Átha Cliath.




- Tús a chur le clár infheistíochta scáthláin bus le níos mó ná 50 scáthlán nua curtha suas i rith na bliana.

## Líon na bPaisinéirí

Léirigh líon paisinéirí Bhus Éireann i rith na bliana 2009 an treocht laghdaithe sna miondíolacháin in Éirinn, agus tá siad ar aon dul chomh maith leis an eispéireas in iompar poiblí i dtíortha Eorpacha eile. Thit líon na bpaisinéirí ó 93.9 milliún in 2008 go 84.6 milliún in 2009.

## Sástacht Chustaiméara

Léiríonn torthaí iniúchta déanta ag cuideachta taighde neamhspleách go bhfuil ardleibhéal sástachta custaiméara i gcónaí ag Bus Éireann le rátáil de 86% taifeadta sa bhliain 2009. D'aimsigh an chuideachta 96% chomh maith maidir le sábháilteacht bus.

## Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC)

Tá an dámhachtain díreach Conradh Seirbhíse Poiblí do sheirbhísí PSO comhaontaithe ag an Údarás Iompair Náisiúnta, an Roinn Iompair agus Bus Éireann, agus síníodh go hoifigiúil é ar an 1ú Nollaig, 2009. Ba é cuspóir na cuideachta le linn an phróisis idirbheartaíochta ná a chinntiú go dtacaíonn an conradh le feidhmiú agus cothabháil éifeachtach de líonra comhtháite seirbhísí, soláthar seirbhísí custaiméirí maith agus cúiteamh airgeadais leordhóthanach, a chlúdaíonn fóirdheontas oibriúcháin agus maoiniú caipitil araon, do na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh.

## Seirbhís Athsholáthair Tarbhealaigh Mhullach Íde

Chuir Bus Éireann, i gcomhar leis an Roinn Iompair agus Iarnród Éireann líon suntasach seirbhísí athsholáthair agus breise i bhfeidhm chun freastal ar chomaitéirí iarnróid ag taisteal feadh na conaire thuaidh le linn deisiúcháin a bheith á ndéanamh leis an tarbhealach agus fuarthas aiseolas sármhaith ó chomaitéirí agus ó ionadaithe poiblí araon.

## Féilte & Imeachtaí

Chuir Bus Éireann seirbhísí ar fáil chuig agus ó roinnt de na féilte is mó i rith na bliana 2009, lena n-áirítear Oxegen i mBaile Phúinse, Electric Picnic sa tSráidbhaile, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Summerfest i gCill Airne, Féile Snagcheoil Chorcaí, na Longa Arda i mBéal Feirste agus Rás Aigéin Volvo sa Ghaillimh.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Chuir Bus Éireann seirbhísí ar fáil chomh maith chuig roinnt de na príomhimeachtaí spórtúla le linn na bliana, lena n-áirítear Cluichí Ceannais Craoibhe Peile agus Iománaíochta na hÉireann, rásaí na Gaillimhe i mBaile an Bhriotaigh, Craobh Oscailte na hÉireann agus Cluiche Craoibhe an Choirn FAI.

## Bearta Tosaíochta Bus

Tá sruthanna tráchta agus meánluasanna i bhfad níos measa in Éirinn ná mar atá i gcathracha agus bailte inchomparáide i dtíortha Eorpacha eile. Thug Bus Éireann tacaíocht le fada an lá do thabhairt isteach lánaí bus agus bearta tosaíochta bus i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Giorraítear amanna taistil de bharr spás bóthair a chruthú le haghaidh iompair phoiblí, rud a mhéadaíonn mealltacht iompair phoiblí agus a laghdaíonn ar a sheal líon na gcarranna príobháideacha ar an mbóthar, ag feabhsú dálaí tráchta agus ag laghdú astuithe.

## Teicneolaíocht

Chuir Bus Éireann a chéim trialach phoiblí maidir le teicneolaíocht an Chórais um Shuíomh Uathoibríoch Feithicle (SUF) i bhfeidhm i rith na bliana 2009. Chuir an triail ar chumas custaiméirí teacht ar fhaisnéis fíorama i leith busanna ag teacht agus ag imeacht ar bhealaí trí shuíomh gréasáin na cuideachta, ag úsáid SMS agus ag taispeáintí faisnéise ag líon busáras mórthimpeall na tíre.

Táthar ag súil go mbeidh an córas i bhfeidhm go hiomlán i rith na bliana 2010 agus beidh custaiméirí in ann teacht ar fhaisnéis trí shuíomh gréasáin na cuideachta agus teicneolaíocht SMS maidir le cén uair a shroichfidh agus a fhágfaidh busanna aonair stadanna Bhus Éireann mórthimpeall na tíre.

## Inrochtaineacht

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le soláthar seirbhísí inrochtana agus tá seirbhísí na cathrach go hiomlána inrochtana, chomh maith le mórsheirbhísí bailte cosúil le Baile Átha Luain, Sligeach, Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Is é an príomh-dhúshlán a bhaineann le seirbhísí oiriúnacha do chathaoireacha rothaí a sholáthar lasmuigh de sheirbhísí bailte agus cathracha ná spás agus áiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil ag stadanna bus chun a chinntiú go n-úsáidtear ardaitheoir do chathaoir rothaí go sábháilte ar chóistí. Tá tréaniarracht á dhéanamh ag údaráis áitiúla dul chun cinn a dhéanamh ina leith seo. Tá an Grúpa Oibre Stadanna Bus, ina n-áirítear Bus Éireann, tar éis teimpléad a fhorbairt le haghaidh dearadh ar stadanna bus inrochtana do chathaoireacha rothaí. Tá an teimpléad scaipthe ar na húdaráis áitiúla uile le húsáid nuair atá siad ag déanamh forbartha ar bhonneagar stadanna bus.

## Iompar na Scoileanna

Iompraíodh thart ar 125,000 páiste dhá uair in aghaidh an lae faoin Scéim Iompar Scoile sa bhliain 2009.

Rinne Bus Éireann dul chun cinn suntasach i rith na bliana ag soláthar seirbhísí faoin Scéim Iompar Scoile sa bhealach is cost-éifeachtaí agus is cost-éifeachtúla le héifeacht suntasach bainte amach trí scileanna bainistíochta líonra a úsáid chun raon seirbhísí a athchóiriú agus chun úsáid níos fearr agus níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní feithiclí.

Lean cáilíocht agus raon na seirbhísí iompair scoile á sholáthar faoin Scéim Iompar Scoile ag feabhsú le 107 seirbhís nua tugtha isteach sa bhliain 2009. Cuireadh méid suntasach seirbhísí nua ar fáil chun freastal ar an líon méadaitheach Gaelscoileanna agus scoileanna um Oideachas le Chéile go náisiúnta.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil caighdeáin comhsheasmhach le dea-chleachtais an tionscail thar raon leathan seirbhísí de chuid na Scéime Iompar Scoile, táthar tar éis eagraíocht saineolaíoch neamhspleách a bhunú chun



# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

spotseiceálacha a dhéanamh ar bhusanna na gconraitheoirí a úsáidtear chun seirbhísí na Scéime Iompar Scoile a sholáthar, agus chun comhairle a sholáthar ar nósanna imeachta um chothabháil flít inmheánach.

### CIE Tours International

Lean CIE Tours International ag giniúint brabúis sa bhliain 2009, in ainneoin na gcoinníollacha trádála fíor-dheacra sa tionscal turasóireachta ar fud an domhain. I rith na bliana chuir an chuideachta saoirí turasóireachta cóiste ar fáil do 32,500 paisinéir, laghdú 22% ar leibhéil na bliana 2008. B'ionann agus €32.4 milliún na hioncaim iomlána.

An príomh-dheacracht ar buaileadh leis i rith na bliana 2009 ná an meath tapa a tháinig ar mhuinín tomhaltóirí i margadh na Stát Aontaithe, chomh maith le dollar SA lag. D'éirigh le CIE Tours International forchostais a laghdú go leordhóthanach áfach, chun fanacht brabúsach.

### Maoin Ghrúpa

Tá Maoin Ghrúpa ag obair faoi láthair ar mhórthionscadail cosúil le Duga Spencer, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid na Bearú, Sráid na Teamhrach, Sráid na Mainistreach agus Faiche Mhór na Gaillimhe.

Cuireann Maoin Ghrúpa seirbhísí gairmiúla ar fáil chomh maith do thionscadail bhonneagair éagsúla de chuid Iarnróid Éireann go háirithe tionscadail lena mbaineann an DART Faoi Thalamh, Crosairí Comhréidh, Bealach Chill Dara, Corcaigh/Mainistir na Corann agus an Bealach/Dún Búinne/an Uaimh.

### Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

In ainneoin na timpeallachta geilleagraí agus dálaí margaidh reatha, d'éirigh go maith le CAN. Bhí éifeacht chomh maith ag an gcor chun donais geilleagrach ar an margadh fógraíochta lasmuigh.

## Saincheisteanna Corparáideacha

### Fostaíocht

Ba é meán líon na ndaoine fostaithe ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2009 ná 11,463 laghdú de 385 ar an mbliain 2008.

### Rannpháirtíocht Foirne

Is í príomh-shócmhainn de chuid Grúpa CIÉ ná a chuid foirne. An polasaí atá ag Grúpa CIÉ ná uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainn sócmhainne seo trí chultúr rannpháirtíochta agus obair bhuíne a spreagadh. Spreagtar fostaithe uile le páirt a ghlacadh i reáchtáil Ghrúpa CIÉ trí pháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, meithleacha oibre agus tionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar comhalta oibrí ar Bhord CIÉ.

### Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa le comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre, do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht chomhionannais, trína Oifigigh Comhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le héagsúlacht eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtais agus gnáthaimh m.sh. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC.

### Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach ann le heagraíochtaí dóibh siúd le fadhbanna maolghluaiste chun tosaíochtaí a bhunú chun feithiclí, oifigí agus stáisiúin a sholáthar.

### Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ a chuid freagrachta maidir le comhlíonadh a chinntiú le forálacha na Rialachán CE (Íocaíocht Mall in Idirbhearta Tráchtála) 2002, i ngach ngné ábhartha. An polasaí íocaíochta a bhí ann tríd an Ghrúpa iomlán in 2009 ná cloí le riachtanais an rialacháin.

### Polasaí an tSoláthair

Tá Polasaí an tSoláthair de chuid Grúpa CIÉ i bhfeidhm chun cinntiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Treoracha Fóntais agus Soláthair Poiblí an AE, mar aon le polasaithe an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach cuireadh na soláthairtí uile os cionn an tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iriseán an AE iad nuair a bhí amhail oiriúnach.

### Rioscaí Príomha

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí príomha do ghnóthaí i roinnt slite éagsúla lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár riosca agus déantar é a uasghrádú go féiltiúil leis na rioscaí agus pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann Iarnród Éireann, ar a shon féin agus thar ceann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, i mbun conarthaí Malartú Tráchtearra le haghaidh breosla. Tugann CIÉ faoi cheannachán tosaigh airgeadra sa chás go mheasann sé go bhfuil luach agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.

# STRUCHTÚR AN GHRÚPA

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann iompar poiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtais na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbhaíochta an Ghrúpa eagraithe i gceithre fhochuideachtaí oibríochta, dhá aonad gnó agus soláthraithe fosheirbhísí. Idir eatarthu soláthraíonn siad seirbhísí do:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Carraeireacht lastas iarnróid
- Taisteal bus cathrach, idirchathrach, tuaithe agus bus scoile
- Bainistíocht na gcalaí
- Turais imeachta/laethanta saoire
- Fosheirbhísí: Bainistíocht tionscadail; Dlíthiúil; Bainistíocht Árachais/Dliteanais; Seirbhísí TF agus Telecom.

Cuirtear treoir, rialú agus comhordú straitéiseach foriomlán ar fáil ag an gcuideachta shealbhaíochta cé go bhfuil ardleibhéal uathriail oibríochta ag gach fochuideachta agus aonad gnó.

## Córas Iompair Éireann

CIE Tours International Inc.
Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)
Maoin Ghrúpa CIÉ
Bainistíocht Árachais/Dliteanais
Teicneolaíocht na Faisnéise
Seirbhísí Dlí

## Iarnród Éireann

IdirChathrach
Fo-uirbeach
Cian-chomaitéara
Lastas Iarnróid
Calafort Ros Láir

## Bus Éireann

Luasbhealach
Seirbhísí Tuaithe
Seirbhísí Cathrach Cúige
Seirbhísí Bus Scoile
Fruiliú Príobháideach

## Bus Átha Cliath

Seirbhísí Cathrach
Xpresso
Nitelink
Airlink
City Tours
Fruiliú Príobháideach

# COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS BAINISTÍOCHT AN GHRÚPA

## Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine, a bhí ina gcomhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar críoch 31ú Nollaig, 2009 luaithe anseo thíos. Ba chomhaltaí Boird iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

| | |
|---|---|
| **An Dr. J.J. Lynch** | Cathaoirleach Feidhmiúcháin (D'imigh ar scor 27ú Márta, 2010) Athcheaptha 29ú Márta, 2010) |
| **M. Canniffe Uasal** | |
| **An tUas. M. Cullen*** | (Ceaptha 1ú Nollaig, 2009) |
| **An tUas. P. Cullen*** | (D'imigh ar scor 30ú Samhain, 2009) |
| **M. Johnston Uasal*** | (D'imigh ar scor 30ú Samhain, 2009) |
| **An tUas. P. Kiely** | |
| **An tUas. D. Killen** | (Ceaptha 19ú Bealtaine, 2009) |
| **An tUas. G. Lightfoot** | |
| **An tUas. B. McCamley*** | (Athcheaptha 1ú Nollaig, 2009) |
| **An tUas. W. McDermott*** | (Ceaptha 1ú Nollaig, 2009) |
| **An tUas. J. Moloney*** | (Athcheaptha 1ú Nollaig, 2009) |
| **An tUas. N. Ormond** | |
| **An tOll. Y. Scannell** | |
| **An tUas. S. Sheerin** | |

* Comhalta oibrí

## Rúnaí an Bhoird

**G. Finucane Uasal,**
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.

| | |
|---|---|
| Guthán | + 353 1 703 2008 |
| Facsamhail | + 353 1 703 2276 |

## Coistí Boird amhail ag 31ú Nollaig, 2009

### Coiste Iniúchóireachta

| | |
|---|---|
| **Paul Kiely** | Cathaoirleach |
| **Mary Canniffe** | (D'éirigh as 5ú Feabhra, 2009) |
| **Dermot Killen** | (Ceaptha 7ú Deireadh Fómhair, 2009) |
| **Graham Lightfoot** | (Ceaptha 2ú Nollaig, 2009) |
| **Neil Ormond** | |

### Coiste Airgeadais

| | |
|---|---|
| **Paul Kiely** | Cathaoirleach |
| **Dermot Killen** | (Ceaptha 7ú Deireadh Fómhair, 2009) |
| **Neil Ormond** | |
| **Seamus Sheerin** | |

### Coiste Luach Saothair

| | |
|---|---|
| **Paul Kiely** | Cathaoirleach |
| **Mary Canniffe** | (D'éirigh as 5ú Feabhra, 2009) |
| **An Dr. J.J. Lynch** | (D'imigh ar scor 27ú Márta, 2010, Athcheaptha 29ú Márta, 2010) |
| **Seamus Sheerin** | (Ceaptha 7ú Deireadh Fómhair, 2009) |

### Coiste Maoine

| | |
|---|---|
| **Neil Ormond** | Cathaoirleach |
| **Mary Johnston** | (D'imigh ar scor 30ú Samhain, 2009) |
| **Graham Lightfoot** | (Ceaptha 3ú Meitheamh, 2009) |
| **Yvonne Scannell** | |

1 fholúntas amháin

# COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS BAINISTÍOCHT AN GHRÚPA
(AR LEANÚINT)

## Bainistíocht an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| **An tUas. R. Connolly** | Príomh-Oifigeach Airgeadais |
| **An tUas. D. Fearn** | Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann |
| **An tUas. T. Hayes** | Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann |
| **An tUas. J. Meagher** | Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath |
| **An tUas. B. Stack** | Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International |

## Iniúchóirí

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúchóirí Cláraithe,
Duga Spencer,
Baile Átha Cliath 1.

## Aturnae

**An tUas. M. Carroll,**
Teach Bridgewater,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

## Príomhbhaincéir

**Banc na hÉireann,**
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

# RÁITEAS RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH

Leagann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil sé de dhualgas ar Chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais.

## An Bord

Cuimsíonn an Bord dháréag comhalta atá ceaptha ag an Rialtas. Tá ceithre chomhalta oibre cuimsithe sa dháréag atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana i ndiaidh toghchán ag foireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile go míosúil agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair ag an mBord atá coimeádta go speisialta dá athbhreithniú, lena n-áirítear faomhadh na ráitis airgeadais bhliantúla, buiséid, an plean corparáideach, gnóthú agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitiúil suntasach, coinní bainistíochta sinsearacha agus mórbheartais Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord, ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag comhaltaí uile an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

## Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na coistí Coiste Iniúchóireachta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Maoine agus Coiste Luacha Saothair. Tá a gcuid comhaltaí liostaithe ar leathanaigh 19 agus 20.

## Coiste Iniúchóireachta

Tá téarmaí tagartha scríofa ag an gCoiste Iniúchóireachta agus tá sé comhdhéanta de cheithre chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste bualadh go tréimhsiúil le bainistíocht shinsearach an Ghrúpa, leis na hiniúchóirí seachtracha agus le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha an Ghrúpa, na pleananna iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha agus na torthaí dá éis, roghnú na mbeartas cuntasaíochta, an tuarascáil iniúchóra reachtúil, tuairisciú airgeadais lena n-áirítear cuntais iniúchta bhliantúla, agus ábhair ghaolmhara eile.

Tá an Coiste Iniúchóireachta freagrach chomh maith as athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtraigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr agus réim na hoibre neamh-iniúchóireachta á dhéanamh acu chun cothromaíocht chuí a chinntiú idir oibiachtúlacht agus cost-éifeachtacht. Tá rochtain iomlán agus neamhshrianta ag na hiniúchóirí seachtracha agus Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar an gCoiste Iniúchóireachta. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus buaileann siad go bliantúil leis an gCoiste gan an bhainistíocht a bheith i láthair chun a chinntiú nach bhfuil aon chúiseanna imní suntasacha ann.

## Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheithre chomhalta Boird agus tá téarmaí tagartha scríofa aige. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste, bualadh leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus le bainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chláir chaipitil an Ghrúpa, an t-ord tosaíochta a thugtar do bhearta caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid chaipitil agus oibriúcháin bhliantúla agus beartais chistíochta, soláthair agus diúscartha an Ghrúpa. Déanann an coiste athbhreithniú chomh maith ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá sé freagrach chomh maith as cinntiú go gceadaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa do chur i bhfeidhm straitéisí airgeadais an Bhoird.

## Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ag an mBord do chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Ghrúpa. Níl na córais seo in ann ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt i gcoinne míráiteas nó caillteanas ábhair.

# RÁITEAS RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH (AR LEANÚINT)

Áirítear i gcórais rialaithe iomláine an Ghrúpa:

- Struchtúr eagrúcháin atá sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údaráis scríofa, leithscaradh feiliúnach dualgas agus meicníochtaí tuairiscithe do leibhéil níos airde den bhainistíocht, boird na bhfochuideachtaí, Coistí Boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar príomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.
- Córas buiséadaithe agus pleanála cuimsitheach ina gcuirtear an fheidhmíocht i gcomparáid leis an buiséad réamhfhaofa ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus déantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithnithe.
- Bunú treoirlínte soiléire chun caiteachas caipitil a fhaomhadh agus a rialú. Ina measc seo áirítear ullmhú buiséid chaipitil bhliantúla atá faofa ag an mBord i gcomhairle leis an Roinn Iomair, agus staidéar féidearthachta agus measúnaithe ar thionscadail chaipitil suntasacha ar bonn aonraic sula bhfaomhann an leibhéal oiriúnach údaráis iad (lena n-airítear an Roinn Iompair le haghaidh tionscadal níos mó). Le haghaidh mórthionscadal caipitil, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don bhainistíocht agus don fho-bhord ábhartha agus tá sé riachtanach páipéar socraíochta foirmiúil a líonadh do thionscadail chaipitil suntasacha uile.
- Laistigh de Iarnród Éireann déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, a chuimsíonn stiúrthóirí agus bainistíocht shinsearach de chuid Iarnróid Éireann araon, athbhreithniú ar bhonn míosúil ar bhearta tionscadail, próisis tairisceana agus mheasúnaithe glactha agus dul chun cinn ar mhórthionscadail chaipitil in aghaidh tráthchlár tionscadail agus buiséid.

Déanann an tIniúchadh Inmheánach Grúpa, a bhfuil ról leathan Grúpa aige, athbhreithniú go rialta ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, leagann iniúchadh inmheánach béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a d'aithin a gcreat anailíse riosca. Sainmhíníonn cairt faofa Boird ról agus freagrachtaí na roinne iniúchóireachta inmheánaí. Tuairiscíonn Iniúchóir Inmheánach an Ghrúpa go foirmiúil don Choiste Iniúchóireachta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord trí an Coiste Iniúchóireachta ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí:

- Athbhreithniú ar chlár na hiniúchóireachta inmheánaí (ullmhaithe ag leanúint a bpróiseas measúnaithe riosca iniúchóireachta) agus breithniú ar a gcuid mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí ar aon imscrúdaithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra seachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna rialaithe ábhair a aithníodh mar thoradh ar a gcuid iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas um Bhainistíocht Riosca uile-Fhiontraíochta (EWRM) i bhfeidhm chun díriú ar impleachtaí na mór-rioscaí gnó lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibriúcháin, straitéiseacha, guaise agus comhlíontachta. Sholáthródh an próiseas seo an deimhniú go n-aithneofar rioscaí ábhair agus go rachfar i mbun na ngníomhaíochtaí feiliúnaí. Tá Cláir Riosca Doiciméadaithe i bhfheidhm.

## Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá beartais Chóras Iompair Éireann maidir le luach saothar chomhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin de réir "Socruithe chun luach saothar Chomhlachtaí Stát Tráchtála a chinneadh faoi choimirce na Roinne Fiontair Poiblí" *[Arrangements for determining the remuneration of Commercial State Bodies under the aegis of the Department of Public Enterprise]*, arna eisiúint i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta Boird feidhmiúcháin. Tá a luach saothair leagtha amach laistigh de raon a chinn na hAirí Airgeadais agus Iompair.

# RÁITEAS RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH (AR LEANÚINT)

## Luach Saothair na gComhaltaí eile

Tá luach saothair na gcomhaltaí Boird eile maidir lena ndualgais mar chomhaltaí boird cinnte ag an Aire Iompair. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair chomh maith le comhaltaí Boird ceaptha faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na gcomhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh i rith 2009.

**Tinreamh ag cruinnithe Boird/Coiste CIÉ 2009**

| Comhalta Boird | Bord CIÉ | Coiste Airgeadais | Coiste Iniúchóireachta | Coiste Maoine | Coiste Luach Saothair |
|---|---|---|---|---|---|
| John Lynch | 11/11 | | | | 6/7 |
| Paul Cullen | 4/10 | | | | |
| Mary Johnston | 10/10 | | | 2/3 | |
| Bill McCamley | 7/11 | | | | |
| John Moloney | 8/11 | | | | |
| Mary Canniffe | 9/11 | | 1/1 | | 2/2 |
| Paul Kiely | 11/11 | 10/11 | 8/8 | | 7/7 |
| Graham Lightfoot | 11/11 | | 2/2 | 3/3 | |
| Neil Ormond | 11/11 | 10/11 | 8/8 | 2/3 | |
| Yvonne Scannell | 9/11 | | | 3/3 | |
| Seamus Sheerin | 9/11 | 8/11 | | | 1/1 |
| Dermot Killen | 6/6 | 2/2 | 3/5 | | |
| William McDermott | 1/1 | | | | |
| Michael Cullen | 1/1 | | | | |

## Gnóthas Leantach

Tá comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil acmhainní fónta ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bharr seo, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas.

Thar ceann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUas. P. Kiely** Comhalta Boird

7ú Aibreán, 2010

# RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh na freagrachtaí atá ag comhaltaí Boird Chóras Iompair Éireann. Éilíonn an reachtaíocht seo ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí infheidhmithe na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta, léargas fíor agus cothrom de staid chúrsaí an Ghrúpa agus de bharrachas nó easnamh an Ghrúpa don tréimshe sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, ní mór do chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go roghnaítear polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha agus go gcuirtear chun feidhme iad go comhsheasmhach;
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastacháin a déantar réasúnach agus stuama; agus
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta chuí a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais riachtanais an Achta Iompair, 1950 agus na rialacháin uile le forléiriú mar aon ní amháin leis an Acht.

Tá siad freagrach chomh maith as na céimeanna atá ar fáil dóibh a thógáil chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Is iad na bearta tógtha ag an mBord d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí a n-oibleagáidí chun leabhair chuntais chuí a choimeád ná, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinneann an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí cuideachta infheidhmithe freagrachtaí na stiúrthóirí ar fhochuideachtaí an Ghrúpa..

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG AN AIRE IOMPAIR

Mar iniúchóirí ceaptha ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 le do thoiliú, tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 27 go 63 iniúchta againn a ullmhaíodh faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ar leathanaigh 27 go 29.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí an Bhoird i leith na Tuarascála Bliantúla agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhmithe na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 24 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Táimid freagrach as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, don Aire Iompair amháin de réir Ailt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim duit i leith cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de staid chúrsaí, torthaí agus sreafaí airgid thirim an Ghrúpa de réir Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Sonraímid cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a bhreithnímid atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn agus cibé an gcomhaontaíonn clár comhardaithe Chóras Iompair Éirinn leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid ár dtuairim chomh maith i leith cibé ar choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuntais chuí.

Tuairiscímid chomh maith mura bhfuil, inár dtuairim féin, faisnéis sainithe ag an dlí maidir le luach saothair agus bearta na gcomhaltaí Boird nochta agus, nuair is féidir, áireofar an fhaisnéis sin inár dtuarascáil.

Déanaimid athbhreithniú ar cibé an léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá riachtanach don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a rinneadh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanaigh 21 go 23 comhlíonadh an ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód agus cibé an bhfuil sé i gcomhréir le faisnéis ar a bhfuil eolas againn ónár gcuid oibre iniúchóireachta ar ráitis airgeadais agus tuairiscítear í mura bhfuil. Ní sé de dhualgas orainn breithniú a dhéanamh ar cibé an gclúdaíonn ráitis an bhoird ar rialú inmheánach airgeadais na rioscaí agus rialuithe uile, ná tuairim a chur in iúl maidir le héifeacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Ghrúpa ná éifeacht a chuid nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léamar an fhaisnéis eile sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile seo ach Ráiteas an Chathaoirligh agus Athbhreithniú na n-Oibríochtaí. Déanaimid breithniú dár dtionscadal ar cibé an bhfuil sí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta agus ar na himpleachtaí má thugaimid aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhair faoi deara. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le haon fhaisnéis eile.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun iniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. In iniúchadh áirítear scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, déantar measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne comhaltaí an Bhoird agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca an Ghrúpa, cibé an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an t-eolas agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur bhreathnaíomar a bheith riachtanach d'fhonn sinn a sholáthar le fianaise fónta chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an bhfuil amhail mar thoradh ar chalaois nó mírialtacht nó botún eile. Agus ár dtuairim á foirmiú againn, rinneamar luacháil freisin ar an leorgacht fhoriomlán de chuid léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG AN AIRE IOMPAIR (AR LEANÚINT)

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Cleachtais Coitianta Cuntasaíochta in Éirinn, ar staid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa ar an 31ú Nollaig, 2009 agus ar sreafaí easnaimh agus airgid thirim an Ghrúpa don bhliain arna críochnú ansin.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun iniúchadh a dhéanamh faighte againn. Inár dtuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag Córas Iompair Éireann. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,

Baile Átha Cliath. 7ú Aibreán, 2010

# PRÍOMHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus teicnící meastacháin atá glactha ag an nGrúpa:

## (A) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta coitianta in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn an tAcht Iompair, 1950 agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta choitianta in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom agus iad sin eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

## (B) Bunús Comhdhlúite

Is comhdhlúthú de ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a chuid fochuideachtaí iad ráitis airgeadais an Ghrúpa:

Iarnród Éireann - Irish Rail

Bus Éireann - Irish Bus

Bus Átha Cliath - Dublin Bus

Glactar le CIÉ Tours International Incorporated mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann chun críocha cuntasaíochta.

## (C) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí soláthartha.

## (D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Cuimsíonn línte agus oibreacha iarnróid gréasán de chórais. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an cumas oibriúcháin de réir caighdeán sainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontas a bhaint.

Is ionann an muirear dímheasa do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliaintúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainne Iarnróid Éireann - Irish Rail a choinneáil.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fónta.

### (ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímheas ar innill iarnróid (seachas iad sin dímheasta go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

Déantar dímheas ar ráilchairr, stoc cóiste agus vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (iii) Feithiclí paisinéara bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéara bóthair seachas busanna scoile thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saolta. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (iv) Feithiclí lastais bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta ag úsáid suim an mhodha digitigh.

### (v) Dugaí, calafoirt agus calaí; fearas agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na ranganna thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

# PRÍOMHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (AR LEANÚINT)

### (vi) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar saolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhair na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus gur cosúil a ndiúscrófaí sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha faoi mar is cuí.

## (E) Sócmhainní ar Léas

### (i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar saolré fónta measta na sócmhainne. Áirítear sciartha caipitiúla na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite thar príomh-thréimhse an léasa.

### (ii) Léasanna oibríochta

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite de réir mar a thabhaítear siad.

## (F) Stoic

Déantar stoic ábhair bhailithe agus páirteanna spártha a luacháil ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (G) Oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus na Seirbhíse Poiblí agus Deontais Státchiste eile

### (i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid eiseacha

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Achta na gCuideachtaí (Leasú), 1986 de réir tuairime an Bhoird, riachtanach chun go dtaispeánfadh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus dá bhrí sin níl aon bhonn dlíthiúil ann ar a bhféadfar deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha a aithint.

### (ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite sa bhliain ina bhfaightear iad.

### (iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Déantar amúchadh ar dheontais infheistíochta sábháilteachta chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (H) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den farasnarr nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

# PRÍOMHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (AR LEANÚINT)

Aistrítear iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarmacha, lena n-áirítear an cion sin a bhíonn iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhordaithe, ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn ag rialú ag dáta an chláir chomhordaithe (rátaí deiridh) agus beidh na gnóthachain nó caillteanais san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite.

## (I) Pinsin

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin sochair sainmhinithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochair sainmhínithe ar bhonn achtúire ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta. Cuirtear farasbarr dhliteanais na scéime thar sócmhainní na scéime i láthair ar an gclár comhordaithe mar dhliteanas. Tá an muirear pinsin a ghearrtar ar bhrabús oibríochta comhdhéanta den costas seirbhíse reatha agus costais seirbhíse roimhe seo. Cuirtear farasbarr an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime thar an costas úis ar dhliteanais scéime i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúire a thagann ó athruithe i dtoimhdí achtúire agus ó thaithí farasbairr agus easnaimh sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

## (J) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Treorach na Comhairle AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann - Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bainistíochta an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bonneagair de réir Iarscríbhinne 1.A. de Rialachán AE Uimh. 2598/70.

# CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS COMHDHLÚITE

| An bhliain dar críoch 31ú Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 1 | **742,045** | 789,121 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 3 | **(579,879)** | (616,023) |
| Ábhair agus seirbhísí | 4 | **(432,319)** | (464,959) |
| Dímheas | 5 | **(60,487)** | (56,062) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | 6 | **(40,792)** | (43,318) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(1,113,477)** | (1,180,362) |
| **Easnamh roimh brabús ar dhiúsairt sócmhainní inláimhsithe, ús, agus deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí** | | **(371,432)** | (391,241) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | 7 | **3,510** | 69,500 |
| **Easnamh roimh ús agus deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí** | | **(367,922)** | (321,741) |
| Ús infhála | | **2,400** | 5,356 |
| Ús iníoctha - Oibríochta | 8 | **(2,058)** | (2,707) |
| - Bonneagar iarnróid | 8 | **(1,133)** | (1,508) |
| Ioncam/(costas) airgeadais eile | 22 | **(24,900)** | 9,700 |
| **Easnamh don bhliain roimh deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí** | | **(393,613)** | (310,900) |
| Oibleagáisí Seirbhíse Poiblí agus deontais Státchiste eile | 9 | **315,960** | 321,093 |
| **(Easnamh)/farasbarr don bhliain** | | **(77,653)** | 10,193 |

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUas. P. Kiely** Comhalta Boird

# RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

| **An bhliain dar críoch 31ú Nollaig** | *Nótaí* | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/farasbarr don bhliain | | **(77,653)** | 10,193 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | *22* | **23,200** | (422,600) |
| Caillteanas aitheanta iomlán maidir leis an mbliain | | **(54,453)** | (412,407) |

# CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE

| Amhail ag 31ú Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 11 | **2,818,246** | 2,624,676 |
| Sócmhainní airgeadais | 12 | **20** | 20 |
| | | **2,818,266** | 2,624,696 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 13 | **63,805** | 54,172 |
| Féichiúnaithe | 14 | **163,828** | 178,486 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **1,532** | 59,632 |
| | | **229,165** | 292,290 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin) | 15 | **(500,451)** | (495,477) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(271,286)** | (203,187) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **2,546,980** | 2,421,509 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | 16 | **(60,988)** | (74,085) |
| **Soláthairtí do dhliteanais agus táillí** | 18 | **(190,239)** | (190,202) |
| **Oibleagáid na sochar scoir** | 22 | **(547,000)** | (567,600) |
| **Ioncam iarchurtha** | 19 | **(2,094,890)** | (1,881,306) |
| | | **(346,137)** | (291,684) |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 20 | **(387,204)** | (332,751) |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | 20 | **(346,137)** | (291,684) |

Thar ceann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUas. P. Kiely** Comhalta Boird

# CLÁR COMHARDAITHE NA CUIDEACHTA

| Amhail ag 31ú Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 11 | **827,950** | 722,496 |
| Sócmhainní airgeadais | 12 | **279,280** | 284,177 |
| | | **1,107,230** | 1,006,673 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 14 | **54,404** | 64,303 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **809** | 58,859 |
| | | **55,213** | 123,162 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin) | 15 | **(274,613)** | (311,132) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(219,400)** | (187,970) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **887,830** | 818,703 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | 16 | **(60,988)** | (74,085) |
| **Ioncam iarchurtha** | 19 | **(577,311)** | (476,128) |
| | | **249,531** | 268,490 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 20 | **208,464** | 227,423 |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | 20 | **249,531** | 268,490 |

Thar ceann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUas. P. Kiely** Comhalta Boird

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID COMHDHLÚITE

| An bhliain dar críoch 31ú Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | *21(A)* | **(66,341)** | 97,563 |
| **Aischur ar infheistíochtaí, seirbhísiú airgeadais agus ioncam airgeadais eile** | *21(B)* | **(791)** | 1141 |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | *21(B)* | **(2,975)** | (78,231) |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid tirim roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **(70,107)** | 20,473 |
| **Maoiniú - méadú/(laghdú) i bhfiachas** | *21(B)* | **27,915** | (13,596) |
| **(Laghdú)/Méadú in airgead tirim sa bhliain** | | **(42,192)** | 6,877 |
| | | | |
| **Réiteach an tsreafa airgid ghlan go dtí gluaiseacht i bhfiachas glan (nóta 21c)** | | | |
| (Laghdú)/Méadú in airgead tirim sa bhliain | | **(42,192)** | 6,877 |
| Gluaiseacht airgid tirim ó (méadú)/laghdú i maoiniú léasa agus fiachais | | **(27,915)** | 13,596 |
| **Athrú i bhfiachas glan mar thoradh ar shreabha airgid tirim** | | **(70,107)** | 20,473 |
| | | | |
| **Gluaiseacht i bhfiachas glan sa bhliain** | | **(70,107)** | 20,473 |
| Fiachas glan ag 1ú Eanáir | | **(48,278)** | (68,751) |
| **Fiachas glan ag 31ú Nollaig** | | **(118,385)** | (48,278) |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG

| | Comhdh-lúthú FRS 17 €000 | CIÉ €000 | Iarnród Éireann -Irish Rail €000 | Bus Éireann -Irish Bus €000 | Bus Átha Cliath -Dublin Bus €000 | Iomlán 2009 €000 | Iomlán 2008 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | | |
| - Rannóg iarnróid fo-uirbeach | | | 53,765 | | | 53,765 | 57,221 |
| - Rannóg an phríomhlíne iarnróid | | | 132,398 | | | 132,398 | 150,799 |
| | | | 186,163 | | | 186,163 | 208,020 |
| **Lastas bóthair** | | | - | | | - | 1,594 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 11,412 | | | 11,412 | 11,862 |
| **Seirbhísí paisinéara bóthair** | | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | 196,307 | 196,307 | 203,668 |
| - Cathracha cúige | | | | 24,640 | | 24,640 | 25,042 |
| - Seirbhísí eile | | | | 278,023 | | 278,023 | 274,634 |
| **Turais** | | 32,432 | | | | 32,432 | 49,416 |
| **Príomh-ghníomhaíochtaí gnó** | | 13,068 | | | | 13,068 | 14,885 |
| **Ioncam iomlán** | | 45,500 | 197,575 | 302,663 | 196,307 | 742,045 | 789,121 |
| **Caiteachas:** | | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | | |
| - Rannóg iarnróid fo-uirbeach: | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin | | | 72,027 | | | 72,027 | 77,718 |
| Costais bhonneagair | | | 26,516 | | | 26,516 | 47,093 |
| - Rannóg an phríomhlíne iarnróid: | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin | | | 198,401 | | | 198,401 | 221,590 |
| Costais bhonneagair | | | 145,378 | | | 145,378 | 171,620 |
| | | | 442,322 | | | 442,322 | 518,021 |
| **Lastas bóthair** | | | - | | | - | 1,503 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 8,759 | | | 8,759 | 8,708 |
| **Seirbhísí paisinéara bóthair** | | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | 290,450 | 290,450 | 307,285 |
| - Cathracha cúige | | | | 46,209 | | 46,209 | 47,809 |
| - Seirbhísí eile | | | | 310,254 | | 310,254 | 300,416 |
| **Turais** | | 32,370 | | | | 32,370 | 49,286 |
| **Príomh-ghníomhaíochtaí gnó** | (22,300) | 33,374 | | | | 11,074 | 9,756 |
| **Caiteachas iomlán** | (22,300) | 65,744 | 451,081 | 356,463 | 290,450 | 1,141,438 | 1,242,784 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG (ar leanúint)

| | Comhdh-lúthú FRS 17 €000 | CIÉ €000 | Iarnród Éireann - Irish Rail €000 | Bus Éireann - Irish Bus €000 | Bus Átha Cliath - Dublin Bus €000 | Iomlán 2009 €000 | Iomlán 2008 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Farasbarr/(easnamh) de réir gníomhaíochta:** | | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | | |
| - Rannóg iarnróid fo-uirbeach | | | (44,778) | | | (44,778) | (67,590) |
| - Rannóg an phríomhlíne iarnróid | | | (211,381) | | | (211,381) | (242,411) |
| | | | (256,159) | | | (256,159) | (310,001) |
| **Lastas bóthair** | | | - | | | - | 91 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 2,653 | | | 2,653 | 3,154 |
| **Seirbhísí paisinéara bóthair** | | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | (94,143) | (94,143) | (103,617) |
| - Cathracha cúige | | | | (21,569) | | (21,569) | (22,767) |
| - Seirbhísí eile | | | | (32,231) | | (32,231) | (25,782) |
| **Turais** | | 62 | | | | 62 | 130 |
| **Príomh-ghníomhaíochtaí gnó** | 22,300 | (20,306) | | | | 1,994 | 5,129 |
| **Farasbarr/(easnamh) oibríochta roimh ús, brabús ar dhiúscairtí, deontais Stáit agus nithe eisceachtúla** | 22,300 | (20,244) | (253,506) | (53,800) | (94,143) | (399,393) | (453,663) |
| Ús infhála/(iníoctha) | | 435 | (3,180) | 635 | 1,319 | (791) | 1,141 |
| (Costas)/ioncam airgeadais eile *(nóta 22)* | (24,900) | | | | | (24,900) | 9,700 |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe *(nóta 7)* | | 876 | 523 | (514) | 2,625 | 3,510 | 69,500 |
| **Easnamh roimh dheontais Stáit, agus nithe eisceachtúla** | (2,600) | (18,933) | (256,163) | (53,679) | (90,199) | (421,574) | (373,322) |
| **Deontais Stáit** | | | | | | | |
| - oibriúchán *(nóta 9)* | | - | 76,343 | 49,365 | 83,199 | 208,907 | 211,301 |
| - bonneagar *(nóta 9)* | | - | 175,806 | - | - | 175,806 | 215,532 |
| **(Easnamh)/farasbarr don bhliain roimh nithe eisceachtúla** | (2,600) | (18,933) | (4,014) | (4,314) | (7,000) | (36,861) | 53,511 |
| Costais oibríochta eisceachtúla *(nóta 6)* | | (26) | (27,989) | (6,852) | (5,925) | (40,792) | (43,318) |
| **(Easnamh)/farasbarr glan don bhliain** | (2,600) | (18,959) | (32,003) | (11,166) | (12,925) | (77,653) | 10,193 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 2. COSTAIS BHONNEAGAIR IARNRÓID

| Faoi réir Threorach na Comhairle AE 91/440 seo a leanas mar atáthar tar éis na costais seo a ríomh: | | **2009 €000** | | 2008 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothabháil línte iarnróid agus oibreacha | | **71,029** | | 78,891 |
| Athnuachan línte iarnróid agus oibreacha | | **68,753** | | 105,740 |
| Caiteachas oibríochta (comharthaíocht) agus eile | | **23,923** | | 25,181 |
| Dímheas | | **26,464** | | 25,885 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | | **(18,275)** | | (16,984) |
| **Iomlán na gcostas bonneagair iarnróid** | | **171,894** | | 218,713 |
| Fóirdheontas bonneagair | **(104,700)** | | (107,098) | |
| Maoiniú sábháilteachta an Státchiste | **(2,353)** | | (2,694) | |
| Maoiniú athnuachana *(nóta 11 [a])* | **(68,753)** | | (105,740) | |
| | | **(175,806)** | | (215,532) |
| **(Farasbarr)/easnamh don bhliain** | | **(3,912)** | | 3,181 |

Cionroinnt na gcostas:

| | | |
|---|---|---|
| **Rannóg an phríomhlíne iarnróid** | **145,378** | 171,620 |
| **Rannóg iarnróid fo-uirbeach** | **26,516** | 47,093 |
| | **171,894** | 218,713 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pánna agus tuarastail | **563,056** | 581,818 |
| Costais leasa shóisialaigh | **48,690** | 49,753 |
| Costais phinsin eile | **31,719** | 44,971 |
| | **643,465** | 676,542 |
| Obair féin caipitlithe | **(64,251)** | (61,160) |
| **Glan-chostais foirne** | **579,214** | 615,382 |
| | | |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí na gcomhaltaí Boird** | | |
| - le haghaidh seirbhísí mar chomhaltaí Boird | **173** | 155 |
| - le haghaidh seirbhísí feidhmiúcháin | **492** | 486 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gcomhaltaí Boird** | **665** | 641 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara iomlán** | **579,879** | 616,023 |

San áireamh i luach saothair na gcomhaltaí Boird tá €235,215 (2008 - €239,602) íoctha leis an Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach Feidhmiúcháin do sheirbhísí feidhmiúcháin. Is é sochar incháinithe chairr chuideachta an Chathaoirligh ná €15,945 (2008 - €15,945) agus ba é €1,256 (2008 - €1,227) ÁSPC an Fhostóra a íocadh

Íocadh €16,333 leis na comhaltaí Boird, gan an Cathaoirleach san áireamh, maidir le táillí Stiúrthóirí sa bhliain 2009 seachas i gcás M. Johnston Uasal agus an tUas. P. Cullen lenar íocadh €15,020, an tUas. D. Killen lenar íocadh €9,745 agus an tUas. M. Cullen agus an tUas. Mr. W. McDermott lenar n-íocadh €1,313.

| | Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2009** | 2008 |
| Seo a leanas meánlíon na ndaoine fostaithe ag an gcuideachta: | | |
| CIÉ | **265** | 280 |
| Iarnród Éireann - Irish Rail | **4,679** | 4,906 |
| Bus Éireann - Irish Bus | **2,820** | 2,837 |
| Bus Átha Cliath - Dublin Bus | **3,699** | 3,825 |
| | **11,463** | 11,848 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 4. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| I measc ábhair agus seirbhísí áirítear: | | |
| Luach Saothair na nIniúchóirí | **233** | 259 |
| Léaschíosanna oibriúcháin | **5,346** | 5,499 |
| Costais Cúitithe le Stiúrthóirí | **13** | 13 |
| Deontais ioncaim *(nóta 19)* | **(2,468)** | (2,782) |

(a) Áirithe sna costais a cúitíodh le Stiúrthóirí tá:

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Cothabháil/Cóiríocht | **4** | 4 |
| Taisteal Coigríche | **8** | 7 |
| Eile | **1** | 2 |
| | **13** | 13 |

## 5. DÍMHEAS

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 11)* | **191,131** | 171,907 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 19)* | **(130,644)** | (115,845) |
| | **60,487** | 56,062 |

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EISCEACHTÚLA

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **(40,792)** | (43,318) |

Mar chuid de Phlean Airgeadais an Ghrúpa, lean Iarnród Éireann le clár téarfa agus luathscoir deonach. Is é an costas measta sa bhliain 2009, lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár, ná €28.0 milliún. Ina theannta sin thabhaigh Bus Átha Cliath €5.9 milliún agus Bus Éireann €6.9 milliún in athstruchtúrú gnó i rith na bliana.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 7. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT NA SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan glan ar dhíolachán talún agus foirgneamh | **878** | 66,721 |
| Brabús ar dhiúscairt rothstoic , feithiclí, gléasra agus innealra | **2,632** | 2,779 |
| | **3,510** | 69,500 |

## 8. ÚS INÍOCTHA

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Ar iasachtaí agus léasanna atá go hiomlán inaisíoctha laistigh de chúig bliana | **2,081** | 2,844 |
| Ar iasachtaí agus léasanna nach bhfuil go hiomlán inaisíoctha laistigh de chúig bliana | **1,110** | 1,371 |
| | **3,191** | 4,215 |

**Ús cionroinnte:**

| | | |
|---|---|---|
| Costais oibriúcháin an Ghrúpa | **2,058** | 2,707 |
| Costais bhonneagair iarnróid | **1,133** | 1,508 |
| | **3,191** | 4,215 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 9. OIBLEAGÁIDÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS DEONTAIS STÁTCHISTE EILE

Tá na deontais iníoctha le Córas Iompair Éireann de réir na Rialachán AE ábhartha a rialaíonn cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

Tugtar sonraí na ndeontas Stáit de €315.960 milliún a fuarthas sa bhliain 2009 - €303.188 milliún faoi fhotheideal C1 de Vóta 32 de Dháil Éireann agus €12.772 milliún faoin gClár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid sa tábla seo a leanas:

| **Deontais Stáit maidir le gníomhaíochtaí 2009** | Iomlán €000 |
|---|---|
| **Iarnród Eireann - Irish Rail** | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 170,624 |
| Clár Infheistíochta na Sábháilteachta Iarnróid | 12,772 |
| **Iomlán Iarnród Éireann - Irish Rail** | 183,396 |
| **Bus Átha Cliath - Dublin Bus** | 83,199 |
| **Bus Éireann - Irish Bus** | 49,365 |
| | 315,960 |
| **Deontas Stáit breise don Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN)** | 438,533 |
| **Deontais Státchiste eile** | - |
| **Maoiniú iomlán an Stáit** | 754,493 |

**Seo a leanas mar a cuireadh maoiniú iomlán an Stáit chun feidhme:**

| | | |
|---|---|---|
| **Cuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite** | | 315,960 |
| **Lúide: bonneagar** | | (107,053) |
| **Fóirdheontas agus deontais sábháilteachta iarnróid – oibriúchán** | | 208,907 |
| **Fóirdheontas bonneagair agus deontais sábháilteachta iarnróid** | 107,053 | |
| **PFN – creidmheas i gcoinne athnuachan línte agus oibreacha iarnróid** | 68,753 | |
| **Fóirdheontas bonneagair** *(nóta 1)* | | 175,806 |
| **Ioncam iarchurtha – deontais chaipitil** | | 358,476 |
| **Deontais ioncaim Státchiste eile** | | 11,304 |
| **Iomlán** | | 754,493 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 10. GLANTORADH NA CUIDEACHTA SEALBHAÍOCHTA DON BHLIAIN

Léirítear achoimre ar thorthaí airgeadais na cuideachta sealbhaíochta agus a cuid fochuideachtaí i Nóta 1.

B'ionann easnamh glan na cuideachta sealbhaíochta don bhliain, i ndiaidh brabúis ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe, agus €18.959 milliún.

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| Grúpa | 1ú Ean. €000 | Athaicmiú €000 | Breiseanna €000 | Draimh agus Diúscairtí €000 | 31ú Noll. €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Oibreacha agus línte iarnróid | 1,350,454 | - | 145,962 | - | 1,496,416 |
| Maoiniú faighte d'oibreacha agus do línte iarnróid | (995,386) | - | (68,753) | - | (1,064,139) |
| Rothstoc iarnróid | 1,265,069 | 6,767 | 63,179 | (18,193) | 1,316,822 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | 614,984 | - | 10,209 | (38,362) | 586,831 |
| Feithiclí lastais bóthair | 3,676 | - | - | (329) | 3,347 |
| Talamh agus foirgnimh | 775,639 | - | 121,262 | - | 896,901 |
| Gléasra agus innealra | 907,647 | (6,767) | 106,970 | (5,693) | 1,002,157 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 48,698 | - | 6,494 | - | 55,192 |
| **Iomlán 2009** | **3,970,781** | **-** | **385,323** | **(62,577)** | **4,293,527** |

| | 1ú Ean. €000 | Athaicmiú €000 | Muirear Don Bhliain €000 | Draimh agus Diúscairtí €000 | 31ú Noll. €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | | |
| Oibreacha agus línte iarnróid | 1,187,953 | - | 74,091 | - | 1,262,044 |
| Maoiniú faighte d'oibreacha agus do línte iarnróid | (995,386) | - | (68,753) | - | (1,064,139) |
| Rothstoc iarnróid | 393,374 | 1,256 | 64,364 | (18,156) | 440,838 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | 331,762 | - | 51,814 | (37,813) | 345,763 |
| Feithiclí lastais bóthair | 3,675 | - | 1 | (329) | 3,347 |
| Talamh agus foirgnimh | 53,915 | - | 14,314 | - | 68,229 |
| Gléasra agus innealra | 355,622 | (1,256) | 54,125 | (5,657) | 402,834 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 15,190 | - | 1,175 | - | 16,365 |
| **Iomlán 2009** | **1,346,105** | **-** | **191,131** | **(61,955)** | **1,475,281** |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

| **Glanmhéideanna leabhair** | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Oibreacha agus línte iarnróid | **234,372** | 162,501 |
| Rothstoc iarnróid | **875,984** | 871,695 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | **241,068** | 283,222 |
| Feithiclí lastais bóthair | **-** | 1 |
| Talamh agus foirgnimh | **828,672** | 721,724 |
| Gléasra agus innealra | **599,323** | 552,025 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | **38,827** | 33,508 |
| **Iomlán** | **2,818,246** | 2,624,676 |

| **Cuideachta** | **1ú Ean. €000** | **Breiseanna €000** | **Draimh agus Diúscairtí €000** | **31ú Noll. €000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | **774,171** | **120,197** | **-** | **894,368** |
| Gléasra agus innealra | **32,024** | **353** | **(353)** | **32,024** |
| **Iomlán 2009** | **806,195** | **120,550** | **(353)** | **926,392** |

| | **1ú Ean. €000** | **Táille don bhliain €000** | **Draimh agus Diúscairtí €000** | **31ú Noll. €000** |
|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | **53,602** | **14,067** | **-** | **67,669** |
| Gléasra agus innealra | **30,097** | **1,026** | **(350)** | **30,773** |
| **Iomlán 2009** | **83,699** | **15,093** | **(350)** | **98,442** |

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Glanmhéideanna leabhair** | | |
| Talamh agus foirgnimh | **826,699** | 720,569 |
| Gléasra agus innealra | **1,251** | 1,927 |
| **Iomlán** | **827,950** | 722,496 |

(a) De réir FRS 15, Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, is é an bonn atá le cuntas a thabhairt ar athnuachan línte agus oibreacha iarnróid ná an deontas a chur do shochar i gcoinne costas na mbreiseanna ar an ngréasán iarnróid.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Seo a leanas mar a bhí caiteachas athnuachana agus deontais gaolmhara:** | | |
| Caiteachas athnuachana | **68,753** | 106,835 |
| Deontais Stáit | **68,753** | 105,740 |
| Deontais an AE | **-** | - |
| Deontais iarchurtha | **-** | - |
| | **68,753** | 105,740 |

(b) Bhí feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €69,997,000 (2008 - €59,463,000) dímheasta go hiomlán ach fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Is iad seo a leanas na gnáthshaolréanna fónta ionchais de na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 |
| Scáthláin Bhus | 3 go 15 |
| Trealamh lónadóireachta | 5 go 10 |
| Oibreacha agus línte iarnróid | 10 go 40 |
| Rothstoc iarnróid | 4 go 20 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | 7 go 14 |
| Feithiclí lastais bóthair | 1 go 10 |
| Gléasra agus innealra | 3 go 30 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 50 |

(d) San áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe tá méideanna, mar a luaitear thíos, maidir le hinnill iarnróid a choimeádtar faoi léasanna airgeadais, trína bhfuil na rioscaí agus luaíochtaí uile a bhaineann le húinéireacht sócmhainne go substaintiúil ag an gcuideachta, seachas an teideal dlí:

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Costas** | **91,244** | 89,030 |
| Dímheas carntha | **(72,956)** | (62,893) |
| **Glanluach leabhair ag 31ú Nollaig** | **18,288** | 26,137 |
| **Dímheas don bhliain** | **(10,063)** | (6,851) |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

(e) San áireamh sna breiseanna thuas tá íocaíochtaí ar cuntas i leith sócmhainní nach raibh i seirbhís fós mar a leagtar amach thíos:

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rothstoc iarnróid | **75,599** | 180,321 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | - | 18,009 |
| | **75,599** | 198,330 |

(f) I measc sócmhainní seasta inláimhsithe tá sócmhainní bonneagair iarnróid mar seo a leanas:

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Costas** | **998,899** | 877,151 |
| Dímheas carntha | **(395,822)** | (369,301) |
| **Glanluach leabhair ag 31ú Nollaig** | **603,077** | 507,850 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 12. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

**Grúpa**

| | Infheistíochtaí trádala | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Scaireanna liostaithe | | Scaireanna neamh-liostaithe | | Iomlán | |
| | **2009 €000** | 2008 €000 | **2009 €000** | 2008 €000 | **2009 €000** | 2008 €000 |
| Costas nó luacháil | **97** | 97 | **13** | 13 | **110** | 110 |
| Soláthar le aghaidh buanlaghdú ar luach | **(77)** | (77) | **(13)** | (13) | **(90)** | (90) |
| **Glanmhéideanna leabhair ag 31ú Nollaig** | **20** | 20 | **-** | - | **20** | 20 |

**Cuideachta**

| | Fochuideachtaí | | | Infheistíochtaí trádala | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Scaireanna neamh-liostaithe €000 | Iasachtaí €000 | Léasanna airgeadais €000 | Scaireanna liostaithe €000 | Scaireanna neamh-liostaithe €000 | Iomlán €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | |
| **Ag 1ú Eanáir, 2009** | 90,151 | 165,066 | 28,960 | 34 | 13 | 284,224 |
| Breiseanna scaire in Iarnróid Éireann | 66,027 | - | - | - | - | 66,027 |
| Lúide: Laghdú i | | | | | | |
| - léasanna airgeadais | - | - | (4,897) | - | - | (4,897) |
| - Iasacht Iarnróid Éireann | - | (66,027) | - | - | - | (66,027) |
| **Ag 31ú Nollaig, 2009** | 156,178 | 99,039 | 24,063 | 34 | 13 | 279,327 |
| Soláthar in aghaidh buanlaghdú ar luach ag 31ú Nollaig, 2009 | - | - | - | (34) | (13) | (47) |
| **Glanmhéideanna leabhair Ag 31ú Nollaig, 2009** | 156,178 | 99,039 | 24,063 | - | - | 279,280 |

Léiríonn iasachtaí do na fochuideachtaí na glansócmhainní sannta ar Iarnród Éireann – Irish Rail ag Córas Iompair Éireann lúide scairchaipiteal eisithe ar a bhuanaíocht tar éis Córas Iompair Éireann a atheagrú sa bhliain 1987. D'eisigh Iarnród Éireann – Irish Rail €66.027 milliún breise i scaireanna do Chóras Iompair Éireann i rith na bliana.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 13. STOIC

| Grúpa | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **25,815** | 23,294 |
| Stoic bhonneagair | **26,933** | 17,671 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | **11,057** | 13,207 |
| | **63,805** | 54,172 |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna sna méideanna seo atá riachtanach chun freastal ar riachtanais oibriúcháin fadtéarmacha.

## 14. FÉICHIÚNAITHE

| Grúpa | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **27,237** | 23,796 |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | **10,616** | 9,439 |
| Tionscadail infheistíochta Iarnród Éireann PFN arna maoiniú ag CIÉ | **50,022** | 58,924 |
| Deontais an AE infhála | **61,619** | 72,639 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **14,334** | 13,688 |
| | **163,828** | 178,486 |

| Cuideachta | | |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **83** | 283 |
| Tionscadail infheistíochta Iarnród Éireann PFN arna maoiniú ag CIÉ | **50,022** | 58,924 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **4,299** | 5,096 |
| | **54,404** | 64,303 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 15. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin)

| **Grúpa** | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt bhainc | **8,364** | 24,272 |
| Iasachtaí bainc *(nóta 17)* | **50,251** | 8,902 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **3,281** | 4,182 |
| Creidiúnaithe trádála | **120,670** | 139,743 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **7,520** | 7,400 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **7,967** | 6,963 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **11,016** | 19,052 |
| Creidiúnaithe eile | **18,661** | 16,921 |
| Soláthairtí athstruchtúraithe *(nóta 18)* | **49,749** | 40,821 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 18)* | **21,195** | 21,110 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **140,066** | 122,273 |
| Fabhruithe | **61,711** | 83,838 |
| | **500,451** | 495,477 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach áirithe anseo thuas | **26,503** | 33,415 |

| **Cuideachta** | | |
|---|---|---|
| Rótharraingt bhainc | **3,097** | 6,993 |
| Iasachtaí bainc *(nóta 17)* | **50,251** | 8,902 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **3,281** | 4,182 |
| Creidiúnaithe trádála | **4,386** | 5,213 |
| Méideanna dlite le fochuideachtaí | **180,388** | 219,570 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **265** | 433 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **150** | 148 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **646** | 3,835 |
| Creidiúnaithe eile | **2,485** | 1,772 |
| Soláthar athstruchtúraithe *(nóta 18)* | **10,000** | 20,099 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **11,781** | 9,716 |
| Fabhruithe | **7,883** | 30,269 |
| | **274,613** | 311,132 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach áirithe anseo thuas | **1,061** | 4,416 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 16. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)

| **Grúpa agus Cuideachta** | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí bainc *(nóta 17)* | **40,771** | 50,022 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **17,250** | 20,532 |
| Cáin bhreisluacha inghnóthaithe ar léasanna airgeadais | **2,967** | 3,531 |
| | **60,988** | 74,085 |

## 17. IASACHTAÍ BAINC

| **Grúpa agus Cuideachta** | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Seo a leanas mar atá na diasachtaí iníoctha: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin (nóta 15) | **50,251** | 8,902 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **9,613** | 9,251 |
| Idir dhá bhliain gus cúig bliana | **31,158** | 29,984 |
| I ndiaidh cúig bliana | - | 10,787 |
| | **40,771** | 50,022 |
| **Iomlán** | **91,022** | 58,924 |

Cloíonn cur i láthair na hanailíse aibíochta ar iasachtaí agus ar fhiacha eile thuas le forálacha FRS 25, Ionstraimí Caipitil. Éilíonn an caighdeán gur chóir aibíocht an fhéich a chinneadh trí thagairt don dáta is luaithe arb fhéidir leis an iasachtóir íocaíocht a éileamh.

Tá ráthaíocht tugtha ag an Aire Airgeadais do €91.022 milliún de na hiasachtaí thuas.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

| | Soláthairtí Athshtruchtúraithe €000 | Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtithe agus Fostóra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2009 | 40,821 | 211,312 | 252,133 |
| Úsáidte i rith na bliana | (31,486) | (16,703) | (48,189) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | 40,414 | 16,825 | 57,239 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2009 | 49,749 | 211,434 | 261,183 |
| **Cionroinnte:** | | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 15)* | 49,749 | 21,195 | 70,944 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | - | 190,239 | 190,239 |
| | 49,749 | 211,434 | 261,183 |

| | Soláthairtí Athshtruchtúraithe €000 | Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2009 | 20,099 | - | 20,099 |
| Úsáidte i rith na bliana | (10,099) | - | (10,099) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | - | - | - |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2009 | 10,000 | - | 10,000 |
| **Cionroinnte:** | | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 15)* | 10,000 | - | 10,000 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | - | - | - |
| | 10,000 | - | 10,000 |

Déantar aon chailliúintí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir.

Aistríodh soláthairtí ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite i bhfianaise na n-éileamh déanta le tamall anuas.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar leanúint)

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag an mBord:

(i) Iarnród Éireann – Irish Rail

Dliteanas Tríú Páirtí sa bhreis ar

(a) €5,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair iarnróid amháin agus

(b) €1,500,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit a bhfuil an figiúr cothrom le breis is US$3,300,000.

(ii) Bus Átha Cliath – Dublin Bus

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit a bhfuil an figiúr cothrom le breis is US$3,300,000.

(iii) Bus Éireann – Irish Bus

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn

(a) €2,000,000 do bhusanna scoile agus

(b) €2,000,000 i gcás iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit a bhfuil an figiúr cothrom le breis is US$3,300,000.

(iv) Grúpa

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, áit a bhfuil an figiúr cothrom le breis is €1,000,000 ar bhonn neamhrangaithe, agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte áit a bhfuil an figiúr cothrom le breis is €250,000.

(c) Aon éilimh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe áit arb ionann an barrachas agus US$150,000.

(v) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán ag gach aon ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2009 agus Márta 2010, i ndáil le dliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar mhéid féin-árachaithe mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann – Irish Rail | €11,000,000 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | €15,000,000 |
| Bus Éireann – Irish Bus | €11,000,000 |

faoi réir méid féin-árachaithe foriomlán de €27,000,000 an Ghrúpa beidh figiúr comhiomlán na bliana a bhaineann le haon chás féin-árachaithe aonair sa tréimhse bliantúil cothrom le €50,000.

(vi) Maidir le hÁrachas Dliteanais Grúpa Comhcheangailte, nach n-áiríonn dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse bliana idir Aibreán 2009 agus Márta 2010, le haghaidh gach cineál iompair iarnróid agus bóthair, dliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile.

(vii) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán agus ina dhiaidh sin beidh aon fharasbarr aonair féin-árachaithe sa tréimhse bliana sin cothrom le €100,000.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar leanúint)

(viii) €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine, do gach uile ceann de na caillteanais.

(ix) Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Iarnród Éireann i ndáil lena oibríochtaí ar fad ag Europort Ros Láir:
- (a) Clúdach Dliteanais Muirí Tríú Páirtí €12,500,000 ar aon eachtra amháin ach neamhtheoranta i rith thréimhse an pholasaí, faoi réir barrachas €150,000 i ndáil le gach eachtra.
- (b) Deireadh a chur le Clúdach Raice €5,000,000 ar aon eachtra, faoi réir fharasbarr €12,500 ar aon eachtra agus 3 lá farasbairr i ndáil le héileamh ar Chaillteanas Ioncaim i gcás eachtra amháin.
- (c) Cumhdach €25,500 an lá d'uasmhéid 30 lá i ndáil le haon eachtra amháin le haghaidh caillteanas ioncaim, faoi réir breis is seacht lá d'aon eachtra.
- (d) Cumhdach Impleacht Muirí do struchtúir mhiondealaithe cothrom le €43,600,000, faoi réir fharasbarr €25,000 do gach aon chaillteanas.
- (e) Clúdach Farasbairr Dliteanais Muirí Tríú Páirtí €25,600,000 ar eachtra ar bith sa bhreis ar €12,500,000 d'aon eachtra amháin.
- (f) Clúdach €5,000,000 do leantóirí gan tionlacan in aon ionad amháin, faoi réir fharasbarr €25,000 le haghaidh gach uile chaillteanas.
- (g) Clúdach €635,000 do mhótarfheiticlí gan tionlacan i ndáil le haon fheithicil nó gléas iompair amháin, €4,450,000 ar aon eachtra amháin, agus €127,500 ar aon fheithicil amháin, faoi réir fharasbarr de €625 ar gach uile chaillteanas.
- (h) Feithiclí inneallghluaiste gan tionlacan nach bhfuil faoi úinéireacht CIÉ/Iarnród Éireann á thiomáint ag pearsanra Iarnród Éireann laistigh de limistéar Europort, faoi réir teorainneacha damáiste maoine tríú páirtí €1,300,000 i ndáil le feithiclí tráchtála agus €30,000,000 i ndáil le gluaisteáin phríobháideacha.

**(B) Soláthairtí agus gnóthaithe gaolmhara um éileamh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra**

Ag deireadh na bliana déantar soláthar do chostas measta na ndliteanas tríú páirtí agus fostóra a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don Ghrúpa go fóill. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éileamh a bhainistiú ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena gcuid nochtaithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

I gcostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh, ríomhann an Grúpa luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhcinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

I gcostas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á mheas, bíonn aird ag an nGrúpa ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar leanúint)

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don Ghrúpa, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh chomhlána ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí an Ghrúpa maidir le haon athárachóirí in athrith.

## 19. IONCAM IARCHURTHA

| Grúpa | 1ú Ean. 2009 €000 | Aistriuithe/ Scoireanna €000 | Faighte agus Infhála €000 | Diúscairt Sócmhainní Deontas Chúnta €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | 31ú Noll. 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | | | | | |
| Oibreacha agus línte iarnróid | 131,175 | - | 75,412 | - | (2,894) | 203,693 |
| Rothstoc iarnróid | 781,592 | 5,434 | 72,905 | - | (52,975) | 806,956 |
| Gléasra agus innealra | 420,253 | (5,434) | 100,488 | - | (35,916) | 479,391 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 13,372 | - | - | - | (355) | 13,017 |
| Talamh agus foirgnimh | 485,455 | - | 113,144 | - | (9,598) | 589,001 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | 170,627 | - | 92 | (20) | (28,869) | 141,830 |
| | 2,002,474 | - | 362,041 | (20) | (130,607) | 2,233,888 |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,105 | | - | - | (37) | 1,068 |
| | 2,003,579 | - | 362,041 | (20) | (130,644) | 2,234,956 |
| **Deontais ioncaim** | | | 2,468 | | (2,468) | - |
| **Iomlán** | 2,003,579 | - | 364,509 | (20) | (133,112) | 2,234,956 |

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Cionroinnte:** | | |
| **Ioncam iarchurtha – méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | **140,066** | 122,273 |
| **Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | **2,094,890** | 1,881,306 |
| | **2,234,956** | 2,003,579 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 19. IONCAM IARCHURTHA (ar leanúint)

**Cuideachta**

| | 1ú Ean. 2009 €000 | Faighte agus Infhála €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | 31ú Noll. 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 485,024 | 113,137 | (9,456) | 588,705 |
| Deontas infreastruchtúir (T.F.) PFN | 799 | - | (431) | 368 |
| Ioncam iarchurtha eile | 21 | - | (2) | 19 |
| **Iomlán** | **485,844** | **113,137** | **(9,889)** | **589,092** |

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Cionroinnte:** | | |
| **Ioncam iarchurtha – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | **11,781** | 9,716 |
| **Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | **577,311** | 476,128 |
| | **589,092** | 485,844 |

## 20. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I gCÚLCHISTÍ

**Grúpa**

| | Cúlchiste Caipitil €'000 | Cuntas Brabúis & Caillteanais €'000 | Réamhíocaíochtaí Stáit Neamh-inaisíoctha €'000 | 2009 Cúlchistí Iomlána €'000 | 2008 Cúlchistí Iomlána €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1ú Eanáir | 28,556 | (332,751) | 12,511 | (291,684) | 120,723 |
| Easnamh don bhliain | - | (77,653) | - | (77,653) | 10,193 |
| Gnóthachan achtúireach i leith scéimeanna pinsin | - | 23,200 | - | 23,200 | (422,600) |
| **Iarmhéid ag 31ú Nollaig** | 28,556 | (387,204) | 12,511 | (346,137) | (291,684) |

**Cuideachta**

| | Cúlchiste Caipitil €'000 | Cuntas Brabúis & Caillteanais €'000 | Réamhíocaíochtaí Stáit Neamh-inaisíoctha €'000 | Cúlchistí Iomlána €'000 | Cúlchistí Iomlána €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1ú Eanáir | 28,556 | 227,423 | 12,511 | 268,490 | 234,000 |
| Easnamh don bhliain | - | (18,959) | - | (18,959) | 34,490 |
| **Iarmhéid ag 31ú Nollaig** | 28,556 | 208,464 | 12,511 | 249,531 | 268,490 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 21. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

**(A) Réiteach easnamh oibríochta chuig sreafa airgid oibríochta**

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh oibríochta roimh Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais | **(371,432)** | (391,241) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus deontais | **315,960** | 321,093 |
| | **(55,472)** | (70,148) |
| Dímheas | **191,131** | 171,907 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **(130,644)** | (115,845) |
| Laghdú ar stoic | **(9,633)** | (9,283) |
| Laghdú i bhféichiúnaithe | **3,639** | 20,296 |
| (Laghdú) / méadú ar chreidiúnaithe agus ar sholáthairtí | **(65,362)** | 100,636 |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **(66,341)** | 97,563 |

**(B) Anailís ar shreabhadh airgid do ghlan-teidil sa ráiteas faoi shreabhadh airgid**

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Aischuir ó infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | | |
| Ús faighte | **2,400** | 5,356 |
| Ús íoctha | **(2,081)** | (2,790) |
| Gné úis d'íocaíochtaí cíosa léasa airgeadais | **(1,110)** | (1,425) |
| **Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) d'aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | **(791)** | 1,141 |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | **(448,951)** | (724,948) |
| Diúscairt sócmhainní inláimhsithe | **4,164** | 49,896 |
| Deontais chaipitil Stáit agus AE | **441,812** | 596,821 |
| **Glan eis-sreabhadh airgid do chaiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | **(2,975)** | (78,231) |
| **Maoiniú** | | |
| Aisíocaíocht fiach | **(8,902)** | (8,566) |
| Áis chun Nóta Ghearrthéarma a eisiúint | **41,000** | - |
| Gné chaipitil d'íocaíochtaí cíosa léasa airgeadais | **(4,183)** | (5,030) |
| **Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh)ó mhaoiniú** | **27,915** | (13,596) |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 21. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID (ar leanúint)

**(C) Anailís ar ghlan-fhiach**

| | **Ag 1ú Ean. 2009 €000** | **Sreabhadh Airgid €000** | **Ag 31ú Noll. 2009 €000** |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 59,632 | (58,100) | 1,532 |
| Rótharraingtí bainc | (24,272) | 15,908 | (8,364) |
| | | (42,192) | |
| Fiach dlite i ndiaidh bliain amháin | (50,022) | 9,251 | (40,771) |
| Fiach dlite laistigh de bhliain amháin | (8,902) | (41,349) | (50,251) |
| Léasanna airgeadais | (24,714) | 4,183 | (20,531) |
| | | (27,915) | |
| **Iomlán** | (48,278) | (70,107) | (118,385) |

## 22. PINSIN

Glacann formhór d'fhostaithe an Ghrúpa páirt sna scéimeanna pinsean sochair sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh. Déantar ranníocaíochtaí an Bhoird, agus a fhochuideachtaí agus na fostaithe, a infheistiú i gcistí riartha iontaobhaí.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta.

Rinneadh athbhreithniú achtúireach ar an 31 Nollaig 2008. B'ionann luach margaidh shócmhainní na scéimeanna ag an dáta sin agus €1,160,200,000, figiúr a bhí cothrom le 67.3% de na sochair a bhí tabhaithe do bhaill bunaithe ar sheirbhís tugtha agus ar phá inphinsin ag dáta an athbhreithnithe. Tá tuarascálacha achtúireacha ar fáil do bhaill scéime ach ní sholáthraítear iad le haghaidh iniúchta poiblí.

**Comhdhéanamh na Scéime**
Tá dhá sochair sainmhínithe ag an nGrúpa in Éirinn. Rinne achtúire cáilithe neamhspleách luachálacha achtúireacha ar an 31/12/2009.

**Seo a leanas na méideanna aitheanta sa Chlár Comhardaithe:**

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Luach cothrom de shócmhainní na scéime | **1,247,700** | 1,160,200 |
| Luach reatha dliteanas scéime | **(1,794,700)** | (1,727,800) |
| Easnamh pinsin | **(547,000)** | (567,600) |

Níltear tar éis aon sócmhainn chánach iarchurtha a aithint maidir leis an easnamh pinsin thuas toisc gur neamh-dhóchúil go mbeidh brabúis inchánacha ag an nGrúpa sa todhchaí intuartha.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 22. PINSIN (ar leanúint)

**Seo a leanas na méideanna aitheanta sa chuntas Brabúis agus Caillteanais:**

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Gearrtha ar bhrabús oibríochta** | | |
| Costas seirbhíse reatha | **29,900** | 35,200 |
| Iar-chostas seirbhíse | **3,100** | 8,800 |
| **Iomlán an mhuirir oibríochta** | **33,000** | 44,000 |
| | | |
| **Curtha do shochar ioncam airgeadais eile** | | |
| Ráta sochair ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin | **69,300** | 103,400 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | **(94,200)** | (93,700) |
| **Glanfháltas** | **(24,900)** | 9,700 |

**Fáltas iarbhír ar shócmhainní scéime**

**Seo a leanas na méideanna aitheanta sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána:**

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Fáltas iarbhír lúide fáltas ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin | **24,200** | (491,700) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ag eascairt ar dhliteanais scéime | **25,900** | (51,400) |
| Athruithe sna foshuímh ag tacú le luach reatha na ndliteanas scéime | **(26,900)** | 120,500 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta i STRGL** | **23,200** | (422,600) |

Is ionann an caillteanas achtúireach carntha aitheanta sa ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána suas le agus lena n-áirítear an bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2009 agus €631.464 milliún (2008: €654.620 milliún)

Bunaithe ar chóimheasa ranníocaíochta reatha, is ionann ranníocaíochtaí ionchais ball agus fostóra don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010 agus €65.5 milliún.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 22. PINSIN (ar leanúint)

**Gluaiseacht i sócmhainní agus dliteanais na scéimeanna**

| | Sócmhainní Scéimeanna €000 | Dliteanais Scéimeanna €000 | Easnamh Scéimeanna €000 |
|---|---|---|---|
| **Ag 1 Eanáir 2008** | 1,549,000 | (1,711,800) | (162,800) |
| Costas seirbhíse reatha | - | (35,200) | (35,200) |
| Costais úis | - | (93,700) | (93,700) |
| Fáltas ionchais ar shócmhainní scéime | 103,400 | - | 103,400 |
| Iarbhír lúide fáltas ionchais ar shócmhainní scéime | (491,700) | - | (491,700) |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais | - | 69,100 | 69,100 |
| Iar-chostais seirbhíse | - | (8,800) | (8,800) |
| Glansochair íoctha amach | (72,000) | 72,000 | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | 19,400 | (19,400) | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra íoctha | 52,100 | - | 52,100 |
| **Ag 31 Nollaig 2008** | 1,160,200 | (1,727,800) | (567,600) |
| Costas seirbhíse reatha | - | (29,900) | (29,900) |
| Costais úis | - | (94,200) | (94,200) |
| Fáltas ionchais ar shócmhainní scéime | 69,300 | - | 69,300 |
| Iarbhír lúide fáltas ionchais ar shócmhainní scéime | 24,200 | - | 24,200 |
| Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais | - | (1,100) | (1,100) |
| Iar-chostais seirbhíse | - | (3,100) | (3,100) |
| Glansochair íoctha amach | (81,400) | 81,400 | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | 20,000 | (20,000) | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra íoctha | 55,400 | - | 55,400 |
| **Ag 31 Nollaig 2009** | 1,247,700 | (1,794,700) | (547,000) |

Eascraíonn dliteanais na scéimeanna uile anseo thuas ó scéimeanna atá maoinithe go hiomlán.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 22. PINSIN (ar leanúint)

**Rioscaí agus luaíochtaí ag eascairt ó shócmhainní**

Ag an 31 Nollaig 2009 bhí na sócmhainní infheistithe i bpunann éagsúlaithe a chuimsigh go príomha gnáthscair agus urrúis fhiachas agus maoine. B'ionann luach cothrom na sócmhainní ag deireadh na bliana agus €1,247,700,000. Seo a leanas luach cothrom na gcatagóirí sócmhainne mar chéatadán de shócmhainní na scéimeanna iomlán:

| | **2009** <br> **%** | 2008 <br> % |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | **48.2** | 41.8 |
| Léasa | **9.6** | 15.1 |
| Bannaí | **37.2** | 36.9 |
| Eile | **5.0** | 6.2 |
| Iomlán | **100** | 100 |

Ní áiríonn sócmhainní na scéimeanna aon ghnáth-scaireanna eisithe ag an nGrúpa. Sa bhreis ar sin, ní áiríonn sócmhainní na scéimeanna maoin i seilbh, nó sócmhainní eile arna úsáid ag an nGrúpa.

**Bunús an ráta fáltais ionchais ar shócmhainní scéime**

Glacann an Grúpa le cur chuige an bhloic thógála nuair atá an ráta fáltais á chinneadh ar shócmhainní na scéime pinsin. Déantar staidéar ar mhargaí stairiúla agus glactar le sócmhainní le luaineacht níos airde chun fáltais níos airde a ghiniúint atá comhsheasmhach le prionsabail mhargaidh caipitiúla a nglactar leo go leathan. Le haghaidh snáthscaireanna is é 7.5% an fáltas ionchais agus meastar go sháróidh sé fáltas na mbannaí le thart ar 3.0%. Is é 6.5% an ráta fáltais ionchais le haghaidh sócmhainní maoine agus 2.25% le haghaidh sócmhainní eile. Dá réir sin, is é 6.0% an ráta fáltais ionchais foriomlán ar shócmhainní na scéimeanna ag an 31 Nollaig, 2009 (2008: 6.1%).

**Foshuímh Airgeadais**

Seo a leanas na foshuímh phríomha achtúireacha a úsáideadh sna luachálacha:

| | **31ú Noll. 2009** <br> **% bliantúil** | 31ú Noll. 2008 <br> % bliantúil |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **5.30** | 5.50 |
| Boilsciú | **2.25** | 2.00 |
| Méaduithe pinsean ** | **3.25** | 3.25 |
| Méaduithe tuarastal ** | **3.25** | 3.25 |

** Páshosadh .i. méadú 0% le haghaidh 2010 agus méaduithe 2.75% sa bhliain le haghaidh 2011-2016

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 22. PINSIN (ar leanúint)

**Foshuímh mortlaíochta**

Leagtar amach foshuímh maidir le heispéireas mortlaíochta na todhchaí bunaithe ar eolas ó staitisticí foilsithe agus roghnaítear iad chun léargas a thabhairt ar thréithe agus ar eispéireas na ballraíochta sna scéimeanna ábhartha. Tá na rátaí rortlaíochta a úsáidtear bunaithe ar tháblaí mortlaíochta caighdeánacha faighte ó eispéireas na Ríochta Aontaithe. Seo a leanas an meán-ionchas saoil, i mblianta, ag ball atá ag imeacht ar scor ag aois 65:

| | 31ú Noll. 2009 Fireann | 31ú Noll. 2009 Baineann | 31ú Noll. 2008 Fireann | 31ú Noll. 2008 Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Aois 45 bliain faoi láthair | 21.8 | 24.8 | 21.7 | 24.7 |
| Aois 65 bliain faoi láthair | 21.1 | 24.2 | 21.0 | 24.1 |

**Stair de chuid luachanna sócmhainne, luach reatha na ndliteanas, easnamh sna Scéimeanna agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí don bhliain dar críoch 31ú Nollaig**

| | **2009 €000** | 2008 €000 | 2007 €000 | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach cothrom de shócmhainní na scéime | **1,247,700** | 1,160,200 | 1,549,000 | 1,545,400 | 1,415,200 |
| Luach reatha na ndliteanas maoinithe | **(1,794,700)** | (1,727,800) | (1,711,800) | (1,770,100) | (1,699,600) |
| Easnamh sa scéim | **(547,000)** | (567,600) | (162,800) | (224,700) | (284,400) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar shócmhainní scéime: | **24,200** | (491,700) | (77,600) | 62,900 | 151,900 |
| Céatadán de luach reatha na sócmhainní scéime | **1.9%** | (42.4%) | (5.0%) | 4.1% | 10.7% |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime:** | **25,900** | (51,400) | (62,000) | (21,700) | (20,500) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | **1.4%** | (3.0%) | (3.6%) | (1.2%) | (1.2%) |

** Cuimsíonn an earra seo de ghnóthachain/(caillteanais) maidir le heispéireas dliteanais amháin agus eisítear aon athruithe i ndliteanais maidir le hathruithe chuig na foshuímh achtúireacha a úsáidtear.

## 23. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh le haghaidh | **179,920** | 260,522 |
| Údaraithe ag an mBord ach gan a bheith ar chonradh le haghaidh | **455,298** | 746,360 |
| | **635,218** | 1,006,882 |

Ceadaíodh deontais chaipitil €614.5 milliún i ndáil leis an gcaiteachas thuas (2008 – €909.5 milliún).

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 24. MALARTÁN EACHTRACH AGUS TIOMANTAIS OLA

Ag 31ú Nollaig 2009 bhí Córas Iompair Éireann tiomanta chun STG£2.0 milliún a cheannach, US$18.0 milliún a dhíol agus US$37.0 milliún a cheannach faoi réamhchonarthaí airgeadra a bheadh ag dul in éag i gcaitheamh na bliana 2010. B'ionann luach cothrom na gconarthaí seo ar 31ú Nollaig 2009 agus caillteanas €1.0 milliún.

Ag 31ú Nollaig 2009 bhí Córas Iompair Éireann tiomanta freisin chun ola a cheannach faoi chonarthaí malartú tráchtearraí ar luach US$92.2 milliún, conarthaí a bheadh ag dul in éag i gcaitheamh 2010, 2011 agus 2012. B'ionann luach cothrom na gconarthaí seo ar an 31ú Nollaig 2009 agus caillteanas €2.5 milliún.

## 25. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar feitheamh**
Glacann an Grúpa, ó am go ham, páirt in imeachtaí dlí éagsúla. Is é tuairim an Bhoird, nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, mar thoradh ar nasc leis na nithe sin mar fharasbarr ar sholáthairtí sna ráitis airgeadais.

**Léasanna airgeadais**
Faoi théarmaí na léasanna airgeadais, tá dliteanais theagmhasacha ann ina mbeidh athruithe ar cháin a mbeidh éifeacht acu ar dhliteanais an léasóra ar ioncam léasa á bhfritháireamh ag coigeartuithe cuí chuig cíos léasa.

**Litreacha creidmheasa**
Faoi na comhaontuithe léasa maidir leis an rothra iarnróid, tá oibleagáidí áirithe ag an mBord maidir leis an léasóir a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás deireadh a chur go luath le comhaontuithe. Tá na hoibleagáidí sin clúdaithe ag litreacha creidmheasa arna slánú ag Bord Chóras Iompair Éireann. Níl aon dliteanas le teacht chun cinn i ndáil leis an tslánaíocht sin.

**Deontais infhaighte**
Tá gach iarratas deontais a dhéantar chuig an AE faoi réir dianphróiseas iniúchta. Tá muinín ag an nGrúpa go bhfuil sé ag cloí le nósanna imeachta agus coinníollacha an AE ach go dtí go mbeidh an tuarascáil deiridh ar fáil beidh an seans ann go mbeadh roinnt gnéithe caiteachais dlite a bhfuiltear á n-éileamh nó a éileamh go dtí seo mar chaiteachas atá neamh-incháilithe. Faoi na himthosca sin, d'fhéadfadh nach mbeadh cuid den mhaoiniú nó an maoiniú ar fad maidir le tionscadail ar leith infhaighte agus d'fhéadfadh go mbeadh roinnt deontas a fuarthas go dtí seo in-aisíoctha.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 26. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

**(A) Léasanna airgeadais**

| Tá glan-oibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar seo a leanas: | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin *(nóta 15)* | **3,281** | 4,182 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **15,289** | 14,397 |
| I ndiaidh cúig bliana | **1,961** | 6,135 |
| | **17,250** | 20,532 |
| **Iomlán** | **20,531** | 24,714 |

Chuaigh an tAire Airgeadais i mbannaí maidir leis na léasanna airgeadais thuas.

**(B) Léasanna oibríochta**

| Rachaidh tiomantais faoi léasanna oibríochta iníoctha nach féidir a chur ar ceal sa bhliain amach romhainn i léig mar seo a leanas: | **Ar ghléasra & trealamh/ mótarfheithiclí €000** |
|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **1,959** |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **1,926** |
| | **3,885** |

## 27. IDIRBHEARTA IDIR PÁIRTITHE GAOLMHARA

**(A) Úinéireacht na cuideachta**

Is comhlacht reachtúil é CIÉ a bunaíodh faoin Acht Iompair, 1950.

Ceapann an tAire Iompair baill an Bhoird.

**(B) Soláthar seirbhísí d'aonáin faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann**

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí iompair iarnróid agus bóthair sa ghnáthghnó chuig ranna Rialtais agus chuig aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear ar na príomhchinn acu sin, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Coillte agus An Post. B'ionann agus €234.6 milliún ioncam ó na seirbhísí sin in 2009 agus bhí €19.1 milliún dlite ó na haonáin sin chuig an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2009 do na seirbhísí sin.

**(C) Ceannach seirbhísí ó aonáin faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann**

Mar chuid dá ghnó, ceannaíonn an Grúpa seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear BSL agus an Bord Gáis i measc na bpríomhaonán. B'ionann €2.2 milliún caiteachas ar na seirbhísí sin in 2009 agus bhí €0.1 milliún dlite chuig na haonáin sin ón nGrúpa ag 31ú Nollaig 2009 i ndáil leis na seirbhísí sin.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 28. BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA

| **Ainm** | **Príomhghníomhaíocht** |
|---|---|
| **Cuideachta shealbhaíochta:** | |
| Córas Iompair Éireann | - Seirbhísí iompair poiblí |
| **Fochuideachtaí** (ar fad faoi lánúinéireacht) | |
| Iarnród Éireann - Irish Rail | - Seirbhísí iarnróid poiblí (paisinéirí agus lastas) |
| Bus Éireann - Irish Bus | - Seirbhísí paisinéirí bus poiblí |
| Bus Átha Cliath - Dublin Bus | - Seirbhísí paisinéirí bus poiblí |
| CIE Tours International Incorporated | - Turais |

Tá Iarnród Éireann – Irish Rail, Bus Éireann – Irish Bus agus Bus Átha Cliath – Dublin Bus ar fad ionchorpraithe agus oibríonn siad go príomha i bPoblacht na hÉireann. Tá na trí chuideachtaí sin ionchorpraithe faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009, mar fhochuideachtaí faoi lánúinéireacht Chóras Iompair Éireann de réir Alt 6 den Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Tá leasanna iomlána an Ghrúpa sna fochuideachtaí comhdhéanta de ghnáthscair chaipiteal.

Tá CIÉ Tours International ionchorpraithe i Nua-Eabhrac agus oibríonn an tseirbhís úd i Meiriceá Thuaidh.

Seo a leanas oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann - Irish Rail | Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1. |
| Bus Éireann - Irish Bus | An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7. |
| Bus Átha Cliath - Dublin Bus | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. |
| CIE Tours International Incorporated | 10 Park Place, Suite 510, P.O. Box 1965, Morristown NJ 07962-1965. |

## 29. NA RÁITIS AIRGEADAIS A FHORMHEAS

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais ar an 7ú Aibreán, 2010.